C/2025/1829

31.3.2025

**Liosta agus tuairisc de na comhaid i gCód OIV um Chleachtais Fíoneolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún ([1]):**

(C/2025/1829)

Foráiltear le hAirteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún go bhfoilseoidh an Coimisiún na comhaid i gCód OIVE um Chleachtais Fíoneolaíochta dá dtagraítear i gcolún 2 Tábla 1 agus i gcolún 3 Tábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, Sraith C. Is é sin cuspóir an fhoilseacháin seo ina n-áireofar na comhaid uile OIV dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3085 ón gCoimisiún ([2]).

Tugtar faoi deara: I gcás difríochtaí idir Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún agus na comhaid OIV a mhéid a bhaineann go háirithe leis na catagóirí táirge a chumhdaítear (catagóirí a luaitear i gcolún 3, Tábla 1 agus colún 8, Tábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I), tá forlámhas ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún.

Tugtar faoi deara: I gcás inar measadh go raibh gá le soiléiriú ar na comhaid OIV, tá fonótaí curtha leis na comhaid sin.

---

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fíonsaothrúcháin ina bhféadfar an neart alcóil a mhéadú, le cleachtais fíoneolaíochta údaraithe agus le srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, leis an gcéatadán íosta alcóil i gcás fotháirgí agus a ndiúscairt, agus le foilsiú chomhaid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/934/oj).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3085 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe (IO L, 2024/3085,9.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3085/oj).

**Ábhar**


| | | *Leathanach* |
|---|---|---|
| 1.7. | MAOTHÚ CARBÓNACH (16/70) | 6 |
| 1.8. | MAOTHÚ I nDIAIDH NA FÍONCHAORA A BAINEADH A THÉAMH (16/70) | 6 |
| 1.11. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD ASCORBACH (OENO 10/01) | 6 |
| 1.12. | SUILFÍTIÚ (OENO 3/04) | 7 |
| 1.13. | ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN FEABHAS A CHUR AR PHRÓISEAS MAOTHAITHE NA bhFÍONCHAOR, AR EASTÓSCADH AN tSÚ AGUS COMHDHÚILE FÍONCHAOR EILE (OENO 13/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021) | 7 |
| 1.14. | MAOTHÚ FUAR RÉAMHCHOIPTHE CHUN FÍONTA GEALA A DHÉANAMH (OENO 11/05) | 7 |
| 1.15. | MAOTHÚ FUAR RÉAMHCHOIPTHE CHUN FÍONTA DEARGA A DHÉANAMH (OENO 12/05) | 8 |
| 1.17. | FÍONCHAORA BRÚITE A CHÓIREÁIL LE hULTRAFHUAIM CHUN EASTÓSCADH A gCOMHDHÚL A CHUR CHUN CINN (OENO 616-2019) | 8 |
| 1.18. | CÓIREÁIL TRÍ PHRÓISIS ARDBHRÚ NEAMHLEANÚNCHA (OENO 594A-2019) | 9 |
| 2.1.1. | OCSAIGINIÚ (OENO 545A/2016) | 9 |
| 2.1.2. | SUILFÍTIÚ (5/87) | 9 |
| 2.1.3.1.1. | AIGÉADÚ CEIMICEACH (OENO 3/99, OENO 13/01) | 10 |
| 2.1.3.1.1.1. | SULFÁIT CHAILCIAM (OENO 583/2017) | 11 |
| 2.1.3.1.3. | AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL LEICTREA-SCANNÁIN (LEICTREA-SCAGDHEALÚ SCANNÁIN DÉPHOLACH) (OENO 360/2010) | 11 |
| 2.1.3.1.4. | AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL CAITIANMHALARTÓRA (OENO 442/2012) | 12 |
| 2.1.3.2.2. | DÍ-AIGÉADÚ CEIMICEACH (6/79) | 13 |
| 2.1.3.2.3. | DÍ-AIGÉADÚ MICRIBHITHEOLAÍOCH (OENO 3/03, OENO 546/2016, OENO 611/2019) | 13 |
| 2.1.3.2.3.1. | DÍ-AIGÉADÚ TRÍ GHIOSTAÍ (OENO 5/02) (OENO 546/2016, OENO 611-2019) | 14 |
| 2.1.3.2.3.2. | DÍ-AIGÉADÚ TRÍ BHAICTÉIR AIGÉID LACHTAIGH (OENO 611-2019) | 14 |
| 2.1.3.2.4. | DÍ-AIGÉADÚ AGUS PRÓISEAS LEICTREA-SCANNÁIN A ÚSÁID (OENO 483-2012) | 14 |
| 2.1.3.2.5. | CÓIREÁIL LE CARBÓNÁIT PHOTAISIAM (OENO 580-2017) | 15 |
| 2.1.4. | ÚSÁID EINSÍMÍ DON GHLÉGHLANADH (OENO 11/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021) | 15 |
| 2.1.6. | CÓIREÁIL GEILITÍN (OENO 5/97) | 16 |
| 2.1.7. | TAINNIN A CHUR ISTEACH (16/70; OENO 612-2019) | 16 |
| 2.1.8. | CÓIREÁIL LE BEINTINÍTÍ (16/70) | 16 |
| 2.1.9. | CÓIREÁIL LE CARBÓN (16/70), (OENO 3/02) | 17 |
| 2.1.10. | CÓIREÁIL LE DÉ-OCSAÍD SILEACAIN (1/91) | 17 |
| 2.1.11. | SCAGACHÁN (16/70) | 17 |
| 2.1.11.1. | SCAGACHÁN AR LEABA SCAGACHÁIN (1/90) | 18 |
| 2.1.12. | PÁIRT-DÍHIODRÁITIÚCHÁN D'ÚRFHÍONTA (OENO 2/98) | 18 |
| 2.1.12.1. | TIÚCHAN ÚRFHÍONA TRÍ CHÚLOSMÓIS (OENO 1/93) | 18 |
| 2.1.12.2. | PÁIRT-GHALÚ FAOI FHOLÚS (OENO 1/01) | 19 |
| 2.1.12.3. | PÁIRT-GHALÚ FAOI BHRÚ ATMAISFÉARACH (OENO 3/98) | 19 |
| 2.1.12.4. | TIÚCHAN ÚRFHÍONA TRÍ FHUACHT (CRIÓI-TIÚCHÁN) (OENO 4/98) | 19 |
| 2.1.14. | SNÁMHACHT (OENO 2/99, OIV-OENO 708-2022) | 20 |
| 2.1.15. | CÓIREÁIL CÁISÉINEÁIT PHOTAISIAM (OENO 4/04) | 20 |
| 2.1.16. | CÓIREÁIL LE CÁISÉIN (OENO 5/04) | 20 |

| | | |
|---|---|---|
| 2.1.17. | GLÉGHLANADH TRÍ PHRÓITÉINÍ DE BHUNADH PLANDAÍ A ÚSÁID (OENO 7/04) | 20 |
| 2.1.18. | ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN INSCAGTHACHT A FHEABHSÚ (OENO 14/04, OENO 499-2013, OENO 682-2021) | 21 |
| 2.1.19. | ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN SUBSTAINTÍ BLAISTITHE A SCAOILEADH (OENO 16/04, OENO 498-2013) | 21 |
| 2.1.20. | CÓIREÁIL ASÚITEACH CHOMHPHOLAIMÉIR PVI/PVP (OENO 1/07, OENO 262-2014) | 22 |
| 2.1.21. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD TARTARACH RAICÉIMEACH (OENO 3/08) | 22 |
| 2.1.22. | GLÉGHLANADH AGUS CIOTÓSÁN A ÚSÁID (OIV-OENO 336A-2009) | 22 |
| 2.1.23. | GLÉGHLANADH AGUS CITIN-GHLÚCAN A ÚSÁID (OIV-OENO 336B-2009) | 23 |
| 2.1.24. | GLÉGHLANADH AGUS EASTÓSCÁIN PHRÓTÉINE GIOSTA A ÚSÁID (OENO 416-2011) | 23 |
| 2.1.26. | CÓIREÁIL TRÍ PHRÓISIS ARDBHRÚ NEAMHLEANÚNCHA (OENO 594A-2019) | 23 |
| 2.1.27. | CÓIREÁIL FÍONCHAOR LE RÉIMSÍ LEICTREACHA BÍOGACHA (PEF) (OENO 634-2020) | 24 |
| 2.1.28. | ÚSÁID SNÁITHÍNÍ PLANDÚLA ROGHNAÍOCHA IN ÚRFHÍON (OIV-OENO 684B-2022) | 24 |
| 2.2.3. | LEASÚ TRÍ DHÉ-OCSAÍD CHARBÓIN A CHUR LE hÚRFHÍON NÓ CARBÓNÁITIÚ ÚRFHÍONA (16/70) | 24 |
| 2.2.4. | PAISTÉARADH (5/88) | 25 |
| 2.2.5. | COSAINT FAOI ATMAISFÉAR TÁMH (16/70) | 25 |
| 2.2.6. | CÓIREÁIL LÍSISÍME (OENO 6/97) | 25 |
| 2.2.7. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD ASCORBACH (OENO 11/01) | 25 |
| 2.2.9. | CÓIREÁIL LE GIOSTAÍ DÍGHNÍOMHAITHE AG A bhFUIL LEIBHÉIL GHLÚTAITIÓIN RÁTHAITHE (OIV-OENO 532/2017) | 26 |
| 2.2.10. | CÓIREÁIL LE PRÓISIS ARDBHRÚ LEANÚNACHA (OENO 594B-2020) | 26 |
| 2.2.11. | ÚRFHÍONTA A CHÓIREÁIL TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS COIRNÍNÍ STIRÉINE-DÉVINILBEINSÉINE ASÚITEACHA (OENO 614A-2020) | 27 |
| 2.2.12 | ÚSÁID ASPEIRGILEOIPEIPSIN I CHUN PRÓITÉINÍ GINTE SMÚITEÁN A BHAINT (OENO 541A-2021) | 27 |
| 2.3.1. | INOACLÚ LE GIOSTAÍ (16/70, ECO 3/03) (OENO 546/2016) | 28 |
| 2.3.2. | MÚSCLÓIRÍ COIPTHE (OENO 7/97; 14/05; OENO 633-2019) | 28 |
| 2.3.3. | CÓIREÁIL LE TIAIMÍN (6/76) | 29 |
| 2.3.4. | CÓIREÁIL LE SCÁILEANNA GIOSTA (5/88) | 29 |
| 2.3.6. | BRISEADH LE LINN COIPEADH ALCÓLACH TRÍ MHODHANNA OIBRE FISICEACHA (5/88) | 30 |
| 2.3.9. | MAOTHÚ IARCHOIPTHE TE AR FHÍONCHAORA DEARGA AR A nGLAOITEAR MAOTHÚ TE CRÍOCHNAITHEACH (OENO 13/05) | 30 |
| 3.1.1. | AIGÉADÚ (6/79, OENO 361/2010) | 30 |
| 3.1.1.1. | AIGÉADÚ CEIMICEACH (OENO 4/99, OENO 14/01) | 31 |
| 3.1.1.4. | AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL LEICTREASCANNÁIN (LEICTREA-SCAGDHEALÚ SCANNÁIN DÉPHOLACH) (OENO 361/2010) | 31 |
| 3.1.1.5. | AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL CAITIANMHALARTÓRA (OENO 443-2012) | 32 |
| 3.1.2. | DÍ-AIGÉADÚ (6/79) | 32 |
| 3.1.2.1. | DÍ-AIGÉADÚ FISICEACH (6/79) | 33 |
| 3.1.2.2. | DÍ-AIGÉADÚ CEIMICEACH (6/79) | 33 |
| 3.1.2.3. | DÍ-AIGÉADÚ MICRIBHITHEOLAÍOCH TRÍ BHAICTÉIR AIGÉID LACHTAIGH (4/80) | 34 |
| 3.1.2.4. | DÍ-AIGÉADÚ AGUS PRÓISEAS LEICTREA-SCANNÁIN A ÚSÁID (OENO 484-2012) | 34 |
| 3.2.1. | GLÉGHLANADH (OENO 7/99), (OENO 6/04), (OENO 9/04) (OIV-OENO 339A-2009), (OIV-OENO 339B-2009, OENO 417-2011) | 35 |

| | | |
|---|---|---|
| 3.2.2. | SCAGACHÁN (2/89) | 36 |
| 3.2.2.1. | SCAGACHÁN TRÍ DHEASCADH LEANÚNACH (1/90) | 36 |
| 3.2.3. | TRASDOIRTEADH (16/70), (OENO 6/02) | 37 |
| 3.2.4. | CÓIREÁIL LE DÉ-OCSAÍD SILEACAIN (1/91) | 37 |
| 3.2.6. | TAINNIN A CHUR ISTEACH (16/70, OENO 613-2019) | 38 |
| 3.2.7. | MÍNIÚ TRÍ PHRÓITÉINÍ DE BHUNADH PLANDAÍ A ÚSÁID (OENO 8/04) | 38 |
| 3.2.8. | ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN FEABHAS A CHUR AR INSCAGTHACHT FÍONTA A (OENO 15/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021) | 38 |
| 3.2.9. | ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN COMHDHÚILE BLAISITHE Ó RÉAMHTHEACHTAITHE GLICEAISILEÁITITHE A SCAOILEADH (OENO 17/04, OENO 498-2013) | 39 |
| 3.2.10. | ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN INTUASLAGÚ CHOMHDHÚILE GIOSTA A FHEABHSÚ (OENO 18/04) | 39 |
| 3.2.11. | ÚSÁID EINSÍMÍ LE hAGHAIDH GHLÉGHLANADH FÍONTA (OENO 12/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021) | 39 |
| 3.2.12. | GLÉGHLANADH AGUS CIOTÓSÁN A ÚSÁID (OIV-OENO 337A-2009) | 40 |
| 3.2.13. | GLÉGHLANADH AGUS CITIN-GLÚCAN A ÚSÁID (OIV-OENO 337B-2009) | 40 |
| 3.2.14. | GLÉGHLANADH AGUS EASTÓSCÁIN PHRÓTÉINE GIOSTA A ÚSÁÍD (OENO 417-2011) | 41 |
| 3.2.15. | SCAGPHLÁTAÍ INA bhFUIL SEOILÍTÍ DE CHINEÁL Y-FÓSAISÍTE A ÚSÁÍD CHUN HALANASÓIL A ASÚ (OENO 444-2016) | 41 |
| 3.3.1. | IARANN A BHAINT (16/70) | 41 |
| 3.3.3. | COBHSÚ TARTRÁITE TRÍ CHÓIREÁIL LE CAITIANMHALARTÓIRÍ (OENO 1/93, OENO 447-2011) | 42 |
| 3.3.4. | CÓIREÁIL COBHSAITHE FHUAIR (5/88), (OENO 2/04) | 42 |
| 3.3.5. | CÓIREÁIL LE BEINTINÍTÍ (16/70) | 42 |
| 3.3.6. | CÓIREÁIL LE GUMA ARABACH (AG 12/72-OEN, OIV-OENO 689-2022) | 43 |
| 3.3.7. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD MEITEATARTARACH (16/70) | 43 |
| 3.3.8. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD CITREACH (16/70) | 43 |
| 3.3.10. | CÓIREÁIL LE POTAISIAM FEARÓICIAINÍDE (OENO 16/70) | 43 |
| 3.3.12. | CÓIREÁÍL LE TARTRÁIT CHAILCIAM (OENO 8/97) | 44 |
| 3.3.13. | CÓIREÁIL FÍONTA LE MANNAPRÓITÉINÍ GIOSTA (OENO 4/01; 15/05) | 44 |
| 3.3.14. | CÓIREÁIL LE GUMAÍ CEALLALÓIS (CEALLALÓS CARBOCSAIMEITILE) (OENO 2/08, OENO 586-2019, OENO 659-2020) | 45 |
| 3.3.15. | CÓIREÁIL LE POLASPARTÁIT PHOTAISIAM (OENO 543/2016) | 45 |
| 3.3.16. | ÚSÁID ASPEIRGILIPEIPSIN I CHUN PRÓITÉINÍ GINTE SMÚITEÁN A DHÍOTHÚ (OENO 541B/2021) | 45 |
| 3.4.2. | COBHSÚ BITHEOLAÍOCH (1/91, OENO 581A-2021) | 46 |
| 3.4.3. | PAISTÉARADH (5/88) | 46 |
| 3.4.3.1. | PAISTÉARADH I mBULC (1/90) | 47 |
| 3.4.4. | SUILFÍTIÚ (OENO 7/03) | 47 |
| 3.4.5. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD SORBACH (5/88) | 48 |
| 3.4.7. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD ASCORBACH (OENO 12/01) | 48 |
| 3.4.9. | CÓIREÁIL LE POLAIVINIOLPOLAIPIORÓLADÓN (PVPP) (5/87) | 48 |
| 3.4.11. | CÓIREÁIL FÍONTA LE hÚIRÉÁIS (OENO 2/95; | 49 |
| 3.4.12. | CÓIREÁIL LÍSISÍME (OENO 10/97) | 49 |
| 3.4.13. | CÓIREÁIL LE DÉCHARBÓNÁIT DHÉIMHEITILE (DMDC) (OENO 5/01, OENO 421-2011) | 50 |

| | | |
|---|---|---|
| 3.4.14. | 2.1.20 CÓIREÁIL ASÚITEACH CHOMHPHOLAIMÉIRE PVI/PVP (OENO 2/07, OENO 262-2014) | 50 |
| 3.4.15. | CÓIREÁIL LE hAIGÉAD TARTARACH RAICÉIMEACH (OENO 4/08) | 50 |
| 3.4.16. | CÓIREÁIL AGUS CIOTÓSÁN A ÚSÁID (OIV-OENO 338A/2009) | 51 |
| 3.4.17. | CÓIREÁIL AGUS CITIN-GLÚCAN A ÚSÁID (OIV-OENO 338B/2009) | 51 |
| 3.4.20. | ÚSÁID SNÁITHÍNÍ PLANDÚLA ROGHNAÍOCHA (OENO 582-2017, OIV-OENO 684A-2022) | 52 |
| 3.4.21. | MÚSCLÓIRÍ COIPTHE MHALALACHTAIGH (OIV-OENO 531-2015) | 52 |
| 3.4.22. | ÚRFHÍONTA A CHÓIREÁIL LE COIRNÍNÍ STIRÉINE-DÉVINILBEINSÉINE ASÚITEACHA (OENO 614B-2020) | 52 |
| 3.4.23. | CÓIREÁIL LE HAIGÉAD FÚMARACH CHUN BAC A CHUR AR CHOIPEADH MALALACHTACH (OENO 581A-2021) | 53 |
| 3.5.4. | BUIDÉALÚ TE (OENO 9/97) | 53 |
| 3.5.5. | OCSAIGINIÚ (545B/2016) | 53 |
| 3.5.7. | CÓIREÁIL LE β-GHLÚCANÁIS (3/85, OENO 498-2013) | 54 |
| 3.5.8. | CÓIREÁIL LE SULFÁIT CHOPAIR (2/89) | 55 |
| 3.5.9. | CÓIREÁIL CHARBÓIN AR FHÍON A bhFUIL DATH DE BHEAGÁN AIR (16/70) | 55 |
| 3.5.10. | PAISTÉARADH I mBUIDÉAL (5/82) | 55 |
| 3.5.11. | PÁIRT-DÍHIODRÁITIÚCHÁN FÍONTA (OENO 2/01) | 56 |
| 3.5.11.1. | TIÚCHAN FÍONA TRÍ REO/ CRIÓI-THIÚCHAN. (OENO 3/56 | |
| 3.5.14. | CÓIREÁIL LE CIOTRÁIT CHOPAIR (OENO 1/08) | 56 |
| 3.5.17. | GÁS TUASLAGTHA I bhFÍON A BHAINISTIÚ AGUS TEAGMHÁLAITHE SCANNÁIN A ÚSÁID (OENO 499-2013) | 57 |
| 3.5.18. | FÍONTA A CHÓIREÁIL TRÍ THEICNEOLAÍOCHT SCANNÁIN ATÁ COMHLÍONTA LE hASÚ AR CHARBÓN GNÍOMHACTAITHE DÍBHOLAIGH NÓ AR CHOIRNÍNÍ STIRÉINE-DÉVINILBEINSÉINE CHUN FEANÓIL SHO-GHALAITHE A LAGHDÚ (OENO 504-2014; OIV-OENO 657-2023) | 57 |
| 4.1.7. | COIPEADH TÁNAISTEACH A CHUR CHUN CINN TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS SALAINN CHOTHAITHEACHA AGUS AS TOSCA FÁIS GIOSTAÍ (OENO 7/95) | 58 |
| 4.1.8. | BUIDÉALÚ (3/81) | 58 |
| 4.1.10. | SCINCEÁIL (OENO 7/02) | 59 |
| 4.3. | FÍON LICÉIR (ECO 2/2007) | 59 |
| 4.3.2. | BUIDÉALÚ IN UMAR IATA (3/81) | 60 |

### 1.7. **MAOTHÚ CARBÓNACH (16/70)**

*Sainmhíniú*

Próiseas lena gcuirtear fíonchaora iomlána in umar iata ina bhfuil atmaisféar dé-ocsaíde carbóin ar feadh roinnt laethanta. Tagann an gás seo ó fhoinse sheachtrach, nó ó riospráid fíonchaor agus coipeadh ar chuid de na caora brúite, nó an dá rud.

*Cuspóir*

Táirgeadh fíona dheirg nó rosé atá níos solúbtha, a bhfuil níos lú aigéadachta ann, atá níos úire agus a bhfuil léiriú níos fearr de chineálacha dea-bholaithe ann.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart gaireas a chur ar fáil chun an gás a chruthaítear a scaoileadh ionas nár lú an brú inmheánach ná an brú atmaisféarach.

b) Déantar na fíonchaora, a luaithe a bhaintear ón umar iad, a bhrú agus a fháisceadh, agus déantar an úrfhíon dheighilte a choipeadh in éagmais ábhair sholadaigh.

### 1.8. **MAOTHÚ I nDIAIDH NA FÍONCHAORA A BAINEADH A THÉAMH (16/70)**

*Sainmhíniú*

Próiseas chun fíonchaora iomlána, brúite nó gan ghas, a théamh, roimh thús coipthe, chuig teochtaí a roghnaítear de réir na sprice inmhianaithe, agus iad a choimeád ag na teochtaí sin ar feadh tréimhse áirithe ama.

*Cuspóirí*

a) Eastóscadh níos tapúla agus níos iomláine de dhathanna agus substaintí eile atá laistigh de chraicne.

b) Próisis einsímeacha a chosc.

*Saintreoracha*

a) D'fhéadfaí go gcoipfí an úrfhíon agus í i dtadhall le solaid nó gan solaid a bheith ann.

b) Ní mór nach mbeidh an próiseas mar chúis le tiúchan, ná le caolú. Dá dhroim sin:

— ní mór róthéamh a sheachaint,

— tá toirmeasc ar théamh trí ghal a instealladh.

### 1.11. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD ASCORBACH (OENO 10/01)**

*Aicmiú*

Aigéad ascorbach: breiseán

Aigéad eireatorbach: breiseán

*Sainmhíniú*

Aigéad ascorbach a chur le fíonchaora.

*Cuspóir*

Substaintí aramatacha na fíonchaoire a chosaint, trí leas a bhaint as saintréithe frithocsaídeora an táirge, ó thionchar na hocsaíde san aer.

*Saintreoracha*

a) Moltar aigéad ascorbach a chur isteach roimh an fhíonchaor a bhrú.

b) Is gá nach mbeidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná 250 mg/kg.

c) Moltar aigéad ascorbach a úsáid le dé-ocsaíd sulfair.

d) Ní mór don aigéad ascorbachsaintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 1.12. **SUILFÍTIÚ (OENO 3/04)**

*Aicmiú*

Dé-ocsaíd sulfair: breiseán

Suilfít hidrigine amóiniam breiseán

Suilfít photaisiam ainhidiriúil: breiseán

*Sainmhíniú*

Tuaslagán de dhé-ocsaíd sulfair, nó suilfít photaisiam hidrigine, suilfít photaisiam ainhidiriúil, suilfít amóiniam nó suilfít hidrigine amóiniam a chur le fíonchaora.

*Cuspóirí*

Rialú micribhitheolaíoch ar fhíonchaora a bhaint amach trí iomadú giostaí agus baictéar agus miocrorgánaigh neamh-inmhianaithe ó thaobh na teicneolaíochta de a theorannú nó a chosc.

Frithocsaídeoir a chur chun feidhme.

*Saintreoracha*

a) Maidir le dé-ocsaíd sulfair a chur isteach roimh an gcoipeadh alcólach, ba cheart srian a mhéid is féidir a chur air sin toisc nach mbeidh éifeachtaí antaiseipteáin nó frithocsaídeora ag an tuaslagán san fhíon a bheidh ann de bharr na teaglama le haicéataildéad.

b) Ní mór don chion dé-ocsaíde sulfair iomlán na teorainneacha a leagtar síos in Iarscríbhinn Cghabhann leis an *gCoimre ar na Modhanna Idirnáisiúnta um Anailís ar fhíon agus úrfhíonta* ar a laghad a chomhlíonadh nuair a chuirtear é ar an margadh.

c) Ní mór do na táirgí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 1.13. **ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN FEABHAS A CHUR AR PHRÓISEAS MAOTHAITHE NA bhFÍONCHAOR, AR EASTÓSCADH AN tSÚ AGUS COMHDHÚILE FÍONCHAOR EILE (OENO 13/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021)**

*Sainmhíniú*

Fíonchaora a chur le hullmhóidí einsímeacha a bhfuil gníomhaíochtaí iontu a dhéanann catalú ar dhíghrádú macramóilíní struchtúracha de chillbhalla na fíonchaoire, amhail ceallalós, peictiní lena dtaobhshlabhraí, heimiceallalós, gliceapróitéiní, agus codáin phróitéine éagsúla.

Áirítear go sonrach i measc na ngníomhaíochtaí einsíme a bhaineann le fíonchaora a mhaothú polagalachtúronáisí, liáisí peictine, peictinmeitileistearáisí, araibionáisí, ramnagalachtúrónáisí, ceallaláisí agus heimicheallaláisí.

*Cuspóirí*

a. Oibríochtaí a éascú chun úrfhíonta a fháil amhail draenáil agus fáisceadh.

b. Oibríochtaí trasdoirte a éascú.

c. Eastóscadh ábhair dathúcháin agus polaifeanól a éascú.

d. Eastóscadh dea-bholaithe agus réamhtheachtaithe aramatacha a éascú ó chraiceann na fíonchaoire.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 1.14. **MAOTHÚ FUAR RÉAMHCHOIPTHE CHUN FÍONTA GEALA A DHÉANAMH (OENO 11/05)**

*Sainmhíniú*

Modh oibre a bhaineann le haibiú fuar fíonchaor bán, gan ghas nó brúite agus triopaill foriomlána. Coinnítear an meascán ag teocht ar leith ar feadh tréimhse ama agus é oiriúnaithe don chuspóir a bhfuiltear á iarraidh roimh fháisceadh agus coipeadh.

*Cuspóir*

Chun scaoileadh comhdhúl craicne a chur chun cinn, go háirithe réamhtheachtaithe dea-bholaidh agus úsáid a bhaint as modh oibre idirleata agus einsímeach d'fhonn castacht aramatach agus bhlastachta fíona a mhéadú

*Saintreoracha*

a) Meastóireacht a dhéanamh ar stádas sláinte agus aibíocht fíonchaor d'fhonn an teicníc nó an modh oibre idirleata, einsímeach nó bithcheimiceach a bhfuiltear á iarraidh a chinneadh,

b) feiniméin ocsaídiúcháin a bhainistiú le modhanna iomchuí,

c) Cosc a chur ar eastóscadh suntasach comhdhúl feanólach ó shuilfítiú iomarcach ag teocht ró-ard nó ar feadh tréimhse mhaothaithe rófhada,

d) Cosc a chur ar ghníomhaíocht mhiocróbach trí shláinteachas iomchuí agus ag teocht oiriúnaithe rialaithe,

e) Fad ama le haghaidh maothú bunaithe ar shaintréithe fíonchaor agus ar an gcineál fíona inmhianaithe a chinneadh.

### 1.15. **MAOTHÚ FUAR RÉAMHCHOIPTHE CHUN FÍONTA DEARGA A DHÉANAMH (OENO 12/05)**

*Sainmhíniú*

Modh oibre a bhaineann le haibiú fuar fíonchaor dearg, gan ghas agus/nó brúite agus triopaill fhoriomlána ag teocht ar leith ar feadh tréimhse ama agus é oiriúnaithe don chuspóir a bhfuiltear á iarraidh roimh thús an choipthe.

*Cuspóirí*

Scaoileadh comhdhúl craicne a chur chun cinn, agus úsáid á baint as modh oibre idirleata agus einsímeach d'fhonn castacht aramatach agus bhlastachta fíona a mhéadú agus na saintréithe dathanna a fheabhsú.

*Saintreoracha*

a) Meastóireacht a dhéanamh ar stádas sláinte agus aibíochta fíonchaor d'fhonn leas na teicníce a chinneadh,

b) Feiniméin ocsaídiúcháin a bhainistiú trí dhiúscairtí oiriúnaithe,

c) Cosc a chur ar ghníomhaíocht mhiocróbach trí shláinteachas iomchuí agus teocht rialaithe, agus trí aga maothaithe oiriúnaithe,

d) Fad ama le haghaidh maothú bunaithe ar shaintréithe fíonchaor agus ar an gcineál fíona inmhianaithe a chinneadh.

### 1.17. **FÍONCHAORA BRÚITE A CHÓIREÁIL LE hULTRAFHUAIM CHUN EASTÓSCADH A gCOMHDHÚL A CHUR CHUN CINN (OENO 616-2019)**

*Sainmhíniú*

Ultrafhuaim a úsáid chun comhdhúile fíonchaor a eastóscadh go mear.

*Cuspóir*

Comhdhúile fíonchaor a eastóscadh le linn maothú roimh choipeadh a spreagadh, i ndiaidh an gas a bhaint agus brúite, trí úsáid a bhaint as ultrafhuaim, chun na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

— Úrfhíon le tiúchan níos airde comhdhúl feanólach agus comhdhúile fíonchaor eile a fháil

— Fíonta de chomhdhéanamh atá feanólach oiriúnach cobhsaí a fháil, agus an t-aga maothaithe a laghdú i gcomparáid le próiseas traidisiúnta

— Scaoileadh na dtainníní sna síolta a theorannú (ós rud é go bhfuil laghdú ar an aga maothaithe), nuair atá aibiú feanólach íseal ag na fíonchaora cóireáilte go príomha

— Próiseáil fíonchaor a luathú

*Saintreoracha*

a) Ní mór an chóireáil a dhéanamh ar fhíonchaora gan ghas nó brúite chun feidhmíocht na cóireála a mhéadú

b) D'fhonn méadú teochta i mbulc na bhfíonchaor brúite a sheachaint, ba cheart an chóireáil seo a dhéanamh nuair atá an bulc ag gluaiseacht

c) D'fhonn próiseas cuasaithe éifeachtach a threisiú, ní móran cion solad/leachtanna i mbulc na bhfíonchaor brúite a bheith leordhóthanach.

### 1.18. **CÓIREÁIL TRÍ PHRÓISIS ARDBHRÚ NEAMHLEANÚNCHA (OENO 594A-2019)**

*Sainmhíniú*

Próiseas ina laghdaítear orgánaigh dhúchasacha i bhfíonchaora trí leas a bhaint as próisis ardbhrú neamhleanúnacha, faoi bhrúnna is airde ná 150 MPa (1 500 bar).

*Cuspóir*

a) Ualaí miocróbacha na miocrorgánach dúchasach a laghdú, giostaí go háirithe,

b) Leibhéil SO2 a úsáidtear san fhíonóireacht a laghdú,

c) Maothú san fhíonóireacht dhearg a luathú.

*Saintreoracha*

a) Baineann teicníc an ardbhrú hidreastataigh (HHP) le leas a bhaint as leibhéil bhrú is airde ná 150 Mpa (1 500 bar) le linn próiseas neamhleanúnach.

b) Ní mór do na leibhéil bhrú a bheith idir 200-400 MPa chun deireadh a chur le giostaí i bhfíonchaora agus úrfhíonta.

c) Ní mór do na leibhéil bhrú a bheith idir 500-600 MPa chun deireadh a chur le cealla baictéaracha.

d) Is idir 2-10 é nóiméad an raoin aga cóireála.

e) Más gá, is féidir an méadú ar an teocht a rialú le cuisniúchán forlíontach.

f) Níor cheart an méadú ar an teocht agus na teicnící a úsáidtear a bheith ina gcúis le haon athrú ar chuma, ar dhath, ar bhlastanas nó ar bhlas an fhíona.

### 2.1.1. **OCSAIGINIÚ (OENO 545A/2016)**

*Aicmiú*

Ocsaigin: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ocsaigin nó aer a chur le húrfhíon

*Cuspóirí*

a) D'fhonn luas a chur faoi phróiseas an ocsaiginithe i bhfíonóireacht na n-úrfhíonta, an fhíona dheirg, nó an fhíona ghil agus é ina aidhm imoibrithe donnúcháin i gcomhdhúile feanólacha a spreagadh, ar comhdhúile iad a fhoirmítear tríd an bpolaiméiriú, a dhéantar a dheascadh ansin agus a bhaintear le linn ghléghlanadh na n-úrfhíonta, chun feabhas a chur ar sheasmhacht na bhfíonta i ndáil le hocsaiginiú a fheabhsú. Glaoitear 'hipear-ocsaiginiú' ar an modh oibre seo, ina gcuirtear leibhéil arda d'ocsaigin le húrfhíonta, ar comhionann le roinnt sáithiúchán é.

b) Rannchuidiú le laghdú comhdhúile dea-bholaithe a ghabhann le saintréith phlandúil chéadfach agus le himeacht dea-bholaithe dí-ocsaídithe.

c) A áirithiú go dtarlóidh coipeadh alcólach gan aon deacracht agus chun coipeadh greamaithe a sheachaint.

*Saintreoracha*

a) I gcás laghdú ar leibhéal na gcomhdhúl feanólach a bhfuil baint acu le feiniméin donnúcháin, ba cheart ocsaigin a chur leo roimh ghléghlanadh na húrfhíona.

b) I gcás bainistíocht ar chinéitic choipthe, is leormhaith ocsaigin a chur isteach de réir na dáileoige molta de 5-10 mg/l ar choinníoll go ndéantar é seo ag deireadh phas an fháis giosta, eadhon i ndiaidh an laghdaithe i dtiúchan siúcra na húrfhíona de thart ar 50 g/l.

c) Níor cheart laghdú i suilfít úrfhíonta a bhfuil barraíocht dé-ocsaíde sulfair iontu a bheith ina aidhm ag an ocsaiginiú.

### 2.1.2. **SUILFÍTIÚ (5/87)**

*Aicmiú*

Dé-ocsaíd sulfair: breiseán

Suilfít hidrigine amóiniam breiseán

Suilfít photaisiam ainhidiriúil: breiseán

*Sainmhíniú*

Dé-ocsaíd sulfair ghásach a chur le fíonchaora brúite, nó le húrfhíon de thuaslagán dé-ocsaíde sulfair uiscí, nó le dé-shuilfít photaisiam ([3]), suilfít amóiniam nó dé-shuilfít amóiniam.

*Cuspóirí*

a) Cur i ngníomh:

— antaiseipteán in aghaidh fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar fhás miocrorgánach,

— frithocsaídeoir,

— toisc roghnaíoch le haghaidh giostaí,

— táirge a éascaíonn do shíothlú,

— táirge a chuidíonn le hantóiciaininí a eastóscadh.

b) An coipeadh a rialáil agus a rialú.

c) Úrfhíonta leasaithe a tháirgeadh.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart suilfítiú a dhéanamh le linn brúite nó díreach ina dhiaidh sin.

b) An táirge a dháileadh go cothrom sna fíonchaora brúite nó san úrfhíon.

c) Leis an tsuilfít amóiniam agus an déshuilfít cuirtear iain amóiniam isteach san úrfhíon, arb é atá sna hiain amóiniam músclóirí fáis le haghaidh giostaí (féach Coipeadh alcólach a ghníomhachtú).

d) Comhlíonfaidh na táirgí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.3.1.1. **AIGÉADÚ CEIMICEACH (OENO 3/99, OENO 13/01)**

*Sainmhíniú*

An aigéadacht toirtmheasctha agus an aigéadacht iarbhír a mhéadú (agus pH a laghdú) trí aigéid orgánacha a chur isteach.

*Cuspóirí*

a) Fíonta a tháirgeadh atá cothromaithe ó thaobh na blastachta de

b) Cuidiú le dea-éabhlóid bhitheolaíoch agus dea-aibiú fíona

c) Aigéadacht nádúrtha nach bhfuil leordhóthanach a leigheas, a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcúis leo:

— dálaí aeráide sa réigiún fíonsaothraithe, nó

— cleachtais fíoneolaíochta óna laghdaítear an aigéadacht nádúrtha.

*Saintreoracha*

a) Is iad na haigéid lachtacha, aigéad malach L(-) nó DL agus aigéad tartarach L(-) an t-aon chineálacha aigéid is féidir a úsáid.

b) Níor cheart na haigéid a chur isteach chun calaois a cheilt.

c) Toirmeasctar aigéid mhianracha a chur isteach.

d) Is comheisiatach ar a chéile iad aigéadú ceimiceach agus dí-aigéadú ceimiceach.

e) Ní mór do na haigéid a úsáidtear a bheith i gcomhréir le caighdeáin an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

f) Ní féidir aigéid a chur le húrfhíonta ach amháin ar choinníoll nach n-ardófar an cion aigéadachta tosaigh níos mó ná 54 meq/l (i.e. 4 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach).

Nuair a dhéantar úrfhíon agus fíon a aigéadú, níor cheart an méadú carnach glan a bheith níos mó ná 54 meq/l (i.e. 4 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach)

([3]) Tá dé-shuilfít potaisiam ar comhchiall le meiti-dhéshuilfít photaisiam.

#### 2.1.3.1.1.1. **SULFÁIT CHAILCIAM (OENO 583/2017)**

*Aicmiú*

Sulfáit chailciam: breiseán

*Sainmhíniú*

Sulfáit chailciam a chur ($CaSO_4.2H_20$) leis an úrfhíon réamhchoipthe in éineacht le haigéad tartarach le haghaidh mionsaothrú fhíonta licéir.

*Cuspóirí*

a) Fíonta licéir cothromaithe ó thaobh na blastachta de a tháirgeadh.

b) Cuidiú le dea-éabhlóid bhitheolaíoch agusle dea-aibiú fíona licéir.

c) Aigéadacht nádúrtha na bhfíonta licéir nach bhfuil leordhóthanach a leigheas, a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcúis leo:

— dálaí aeráide sa réigiún fíonsaothraithe,

— cleachtais fíoneolaíochta óna laghdaítear an aigéadacht nádúrtha.

*Saintreoracha*

a) Baintear úsáid as sulfáit chailciam in éineacht le leibhéal níos ísle d'aigéad tartarach.

b) Moltar réamhthástálacha saotharlainne a dhéanamh chun na dáileoga is gá de shulfáit chailciam agus aigéad tartarach chun an pH a laghdú a áireamh.

c) Níor cheart an dáileog a bheith níos mó ná 2 g/l de shulfáit chailciam toisc go gcuireann sé ar a chumas an pH 3.2 oiriúnach san fhíonóireacht de na húrfhíonta seo a bhaint amach agus chun fíonta cothromaithe a fháil fiú i mblianta ina bhfuil drochaimsir ann.

d) Níor cheart leibhéal iarmharach na sulfáití a bheith níos mó ná an teorainn OIV.

e) Níor cheart an cleachtas seo a dhéanamh chun calaois a cheilt.

f) Is comheisiatach ar a chéile iad aigéadú ceimiceach agus dí-aigéadú ceimiceach.

g) Ní mór d'úsáid na sulfáite cailciam saintreoreacha den *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

#### 2.1.3.1.3. **AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL LEICTREA-SCANNÁIN (LEICTREA-SCAGDHEALÚ SCANNÁIN DÉPHOLACH) (OENO 360/2010)**

*Sainmhíniú*

Modh fisiceach ianach chun úrfhíon a eastóscadh trí réimse leictreach agus úsáid á baint as scannáin caitiain thréscaoilteacha agus scannán dépholach as a n-éiríonn aigéadacht intoirtmheasctha mhéadaithe agus aigéadacht iarbhír (laghdú sa pH).

*Cuspóirí*

a) Aigéadacht toirtmheasctha a mhéadú agus aigéadacht iarbhír (laghdú sa pH).

b) Saintréithe maithe bitheolaíocha a chur chun cinn agus cuidiú le fíonóireacht cheart.

c) Cuidiú le dea-aibiú fíona.

d) Aigéadacht nádúrtha nach bhfuil leordhóthanach a leigheas, a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcúis leo:

— dálaí aeráide sa réigiún fíonsaothraithe, nó

— cleachtais fíoneolaíochta óna laghdaítear an aigéadacht nádúrtha.

*Saintreoracha*

a) Féach an bhileog ghinearálta maidir le teicnící deighilte a úsáidtear i gcóireáil úrfhíonta agus fíonta ([4]) agus an bhileog maidir le húsáid teicnící scannáin a chuirtear i bhfeidhm i leith úrfhíonta ([5]).

b) Níor cheart an t-aigéadú trí chóireáil leictrea-scannáin a dhéanamh chun calaois a cheilt.

c) Ba cheart scannáin chaitianacha a bheith déanta ar dhóigh lena gcuirfear ar a gcumas dóibh iad a oiriúnú d'eastóscadh caitian amháin agus go háirithe caitiain K+.

d) Tá na scannáin dhépholacha neamhscagach ar ainiain agus caitiain na n-úrfhíonta.

e) Ní ceart aigéadú trí leictrea-scagdhealú dépholach a chur i gcrích ach amháin ar choinníoll nach méadófar an aigéadacht tosaigh níos mó ná 54 meq/l (is é sin 4 g/l arna shloinneadh in aigéad tartarach). Nuair a dhéantar úrfhíonta agus fíonta a aigéadú, ní ceart an méadú carnach glan a bheith níos mó ná 54 meq/l (i.e. 4 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach)

f) Is faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear an próiseas chun feidhme.

g) Comhlíonfaidh na scannáin a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.3.1.4. **AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL CAITIANMHALARTÓRA (OENO 442/2012)**

*Sainmhíniú*

Páirt-eastóscadh fisiceach de chaitiain na n-úrfhíonta chun aigéadacht toirtmheasctha agus aigéadacht iarbhír a mhéadú (laghdú sa pH) trí chaitianmhalartóir.

---

([4]) Comhaid OIV 2.0 agus 3.0. TEICNÍCÍ DEIGHILTE A ÚSÁIDTEAR I gCÓIREÁIL ÚRFHÍONTA AGUS FÍONTA:
- a) Is féidir na cuspóirí a bhaint amach trí theicnící difriúla leo féin nó i dteannta a chéile:
  - — Teicnící fíocháin
  - — Teicnící galaitheacha (amhail driogadh agus driogadh folúis)
  - — Teicnící deighilte eile
- b) Ní mór don fhíon nó don úrfhíon a bheidh le cóireáil a bheith i gcomhréir le sainmhínithe agus teorainneacha OIV.
- c) Ní féidir úsáid a bhaint as na teicnící seo chun gníomhartha calaoise a cheilt
- d) Codáin, bídís cóireáilte nó neamhchóireáilte trí chleachtais fíoneolaíochta arna bhformheas ag an OIV, ní mór iad a bheith chumaiscthe le codáin úrfhíona nó fíona amháin, codáin a fuarthas trí theicnící deighilte, iad díorthaithe ón mbuntáirge céanna. Is iad an t-aon eisceacht amháin iad na codáin a úsáidtear mar tháirgí de bhunadh fíona mar a shainmhínítear sa Chód Idirnáisiúnta um Chleachtais Fíoneolaíochta.
- e) Ní mór don athchuingir tarlú laistigh den tréimhse is giorra agus san áit chéanna nuair is féidir.
- f) Na teicnící, scannáin agus trealamh a úsáidtear, mar aon leis na cleachtais a chuirtear chun feidhme sna modhanna oibre breise, ní mór iad a bheith i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i *gCód Idirnáisiúnta OIV um Chleachtais Fíoneolaíochta*.
- g) Ní mór do chóireáil na gcodán a bheith i gcomhréir leis an *gCód idirnáisiúnta um Chleachtais Fíoneolaíochta*.

([5]) OIV Comhad 2.0.1. CUR I bhFEIDHM TEICNÍCÍ SCANNÁIN:
- a) Féach an bhileog ghinearálta maidir le cóireálacha na n-úrfhíonta agus na bhfíonta le teicnící deighilte a úsáidtear i gcóireáil úrfhíonta agus fíonta
- b) Is féidir na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach trí na teicnící seo a chur i bhfeidhm, mar shampla, maidir le:
  1. díhiodráitiú páirteach úrfhíona
  2. tiúchan siúcra a laghdú,
  3. aigéadacht nó pH úrfhíonta a choigeartú
  4. tiúchan aigéad orgánach ar leith a laghdú.
- c) Tá cineálacha difriúla teicnící scannáin ann, leo féin nó i dteannta a chéile, ag brath ar na cuspóirí atá le baint amach lena n-áirítear:
  1. micreascagachán,
  2. ultrascagachán,
  3. nanascagachán,
  4. teagmhálaí scannáin
  5. cúlosmóis,
  6. leictrea-scannáin
  7. teicnící scannáin eile.
- d) Ní cheadaítear úsáid teicnící scannáin chun a mhalairt de thréithe a fháil.
- e) Ní mór d'fhíoneolaí nó teicneoir cáilithe an cleachtas seo a chur i gcrích.
- f) Na scannáin agus na hábhair, i dteannta na dteicnící a úsáidtear i modhanna oibre comhlántacha, mar a dúradh i bpointe C, beidh siad comhsheasmhach leis forálacha an *Chód Idirnáisiúnta um Chleachtais Fíoneolaíochta* agus den *Codex Fíoneolaíochta Idirnáisiúnta*.

*Cuspóirí*

a) Aigéadacht toirtmheasctha a mhéadú agus aigéadacht iarbhír (laghdú sa pH).

b) Fíonta cothromaithe ó thaobh na gcéadfaí de a tháirgeadh.

c) Saintréithe maithe bitheolaíocha agus cáilíocht coinneála maithe an fhíona a chur chun cinn.

*Saintreoracha*

a) Cuirfear an chóireáil i gcrích trí úsáid a bhaint as roisíní caitianmhalartúcháin a athghineadh sa timthriall aigéid.

b) Ní mór don chóireáil a bheith teoranta do chaitiain bharrachais a dhíothú.

c) Chun táirgeadh chodáin úrfhíona a sheachaint, cuirfear an chóireáil i gcrích go leanúnach, agus le hionchorprú inlíne den úrfhíon chóireáilte isteach sa bhun-úrfhíon.

d) De rogha air sin, d'fhéadfaí an roisín a chur go díreach isteach in umar na húrfhíona, sna cainníochtaí is gá, agus d'fhéadfaí é a dheighilt ansin trí aon mhodh teicniúil iomchuí a úsáid.

e) Ní mór an t-aigéadú a dhéanamh ar choinníoll nach méadófar an aigéadacht tosaigh níos mó ná 54 meq/l. Nuair a dhéantar úrfhíon agus fíon a aigéadú, ní ceart an méadú carnach glan a bheith níos mó ná 54 meq/l.

f) Is faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear na hoibriúcháin go léir chun feidhme.

g) Comhlíonfaidh na roisíní saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.3.2.2. **DÍ-AIGÉADÚ CEIMICEACH (6/79)**

*Sainmhíniú*

An aigéadacht agus an aigéadacht iarbhír a laghdú (an pH a mhéadú) trí thartráit photaisiam neodrach carbonáit hidrigine photaisiam nó carbónáit chailciam ina bhféadfaí cainníochtaí beaga de shalann cailciam dúbailte d'aigéad tartarach L(+) agus aigéad malach L(-) a chur isteach.

*Cuspóirí*

a) Féach 2.2 ([6]).

b) Cuidiú le dí-aigéadú bitheolaíoch.

*Saintreoracha*

a) Beidh ar a laghad 1 g/l d'aigéad tartarach san fhíon a tháirgtear ó úrfhíon dhí-aigéadaithe.

b) Ba cheart an próiseas maidir le foirmiú an tsalainn dhúbailte (salainn neodracha d'aigéad tartarach agus aigéad malach) a chur i bhfeidhm i gcás úrfhíonta atá ar mhórán aigéid mhalaigh agus nach soláthraíonn an t-aigéad tartarach amháin laghdú sásúil ar an aigéadacht intoirtmheasctha.

c) Ní bheidh sé mar aidhm ag an dí-aigéadú ceimiceach calaois a cheilt.

d) Is comheisiatach ar a chéile iad aigéadú ceimiceach agus dí-aigéadú ceimiceach.

e) Comhlíonfaidh na táirgí a chuirtear isteach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.3.2.3. **DÍ-AIGÉADÚ MICRIBHITHEOLAÍOCH (OENO 3/03, OENO 546/2016, OENO 611/2019)**

*Sainmhíniú*

Aigéadacht fhoriomlán agus aigéadacht iarbhír a laghdú (méadú sa pH) trí ghiostaí nó baictéir aigéid lachtaigh a úsáid.

*Cuspóir*

Féach bileog 2.1.3.2 'Dí-aigéadú' ([7])

([6]) 2.2 Leasú úrfhíonta.
([7]) OIV Comhad 2.1.3.2 DÍ-AIGÉADÚ
Cuspóir: Fíonta cothromaithe ó thaobh na gcéadfaí de a tháirgeadh.

*Saintreoracha*

Chun an cuspóir seo a bhaint amach cuirtear dí-aigéadú micribhitheolaíoch ag miocrorgánaigh i gcrích trí ionaclú ar thréithchineálacha roghnaithe.

*Moladh OIV:*

Féach na bileoga:

2.1.3.2.3.1 'Dí-aigéadú trí ghiostaí (Siúcraimíceas agus neamhshiúcraimíceas)' agus / nó

2.1.3.2.3.2 'Dí-aigéadú trí bhaictéir aigéid lachtaigh'.

### 2.1.3.2.3.1. **DÍ-AIGÉADÚ TRÍ GHIOSTAÍ (OENO 5/02) (OENO 546/2016, OENO 611-2019)**

*Sainmhíniú*

Aigéadacht fhoriomlán agus aigéadacht iarbhír a laghdú (méadú ar pH) trí ghiostaí a úsáid (*Siúcraimíceas* agus neamh*siúcraimíceas*)

*Cuspóirí*

a) Fíon a tháirgeadh atá cothromaithe ó thaobh na blastachta de;

b) Páirt-mhiondealú nó miondealú foriomlán d'aigéad malachmalach a fháil ar bhealach bitheolaíoch

*Saintreoracha*

Is féidir leis an laghdú bitheolaíoch ar aigéad malach trí ghiostaí oibriú ar na bealaí seo:

a) Ar úrfhíonta (féach comhad 2.1.3.2.3.);

b) Is féidir an cuspóir faoi b) a bhaint amach le linn coipeadh alcólach agus úsáid á baint as tréithchineálacha roghnaithe siúcraimícis nó neamhshiúcramícis. Tá cáil ar thréithchineálacha den ghéineas siúcraimícis as a gcumais páirt-mhiondealaithe. Tá cáil ar thréithchineálacha *Schizosaccharomyces pombe* as a gcumais páirt-mhiondealaithe maidir le haigéad malach foriomlán;

c) Tá úsáid giostaí *Schizosaccharomyces* tar éis éifeachtúlacht a thaispeáint chun miondealú mear a bhaint amach, bíodh sé i bpáirt nó foriomlán, d'aigéad L-malach in úrfhíonta agus fíonta. Mar thoradh ar an laghdú mór ar aigéadacht intoirtmheasctha agus ar thiúchan na n-ian hidrigine, a eascraíonn as gníomhaíocht na ngiostaí seo, d'fhéadfaí a bhforbairt a bheith neamhinmhianaithe le haghaidh fíonta áirithe. Mar sin ba cheart réamhchúraimí a ghlacadh chun éilliú na ndabhcha a sheachaint nuair atá forbairt na ngiostaí seo neamhinmhianaithe.

d) Ní mór do giostaí saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.3.2.3.2. **DÍ-AIGÉADÚ TRÍ BHAICTÉIR AIGÉID LACHTAIGH (OENO 611-2019)**

*Sainmhíniú*

Aigéadacht foriomlán agus aigéadacht iarbhír a laghdú (méadú sa pH) trí bhaictéir aigéid lachtaigh a úsáid: genera *Lactobacillus*, *Leuconostoc*, *Pediococcus* agus *Oenococcus*.

*Cuspóirí*

a) Fíonta cothromaithe i dtéarmaí braistintí blais;

b) díghrádú foriomlán nó páirt-díghrádú d'aigéad malach a fháil trí mhodh bitheolaíoch.

*Saintreoracha*

a) Chun an cuspóir a bhaint amach, déantar dí-aigéadú trí bhaictéir aigéid lachtaigh trí ar a laghad $10^6$ CFU/mL de thréithchineálacha roghnaithe de bhaictéir aigéid lachtaigh a chur le húrfhíon, a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith sa phróiseas coipthe alcólaigh.

b) ní mór do na tréithchineálacha roghnaithe a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.3.2.4. **DÍ-AIGÉADÚ AGUS PRÓISEAS LEICTREA-SCANNÁIN A ÚSÁID (OENO 483-2012)**

*Sainmhíniú*

Modh fisiceach d'eastóscadh ianach ón úrfhíon trí oibriú réimse leictrigh agus úsáid á baint as scannáin scagacha le hainiain de pháirt amháin agus scannáin dhépholacha den pháirt eile. Baintear úsáid as an teaglaim de na scannáin scagacha le hainiain agus scannáin dhépholacha chun laghdú san aigéadacht intoirtmheasctha agus san aigéadacht iarbhír a bhainistiú (méadú sa pH).

*Cuspóirí*

a) Ró-aigéadacht nádúrtha atá mar thoradh ar dhálaí aeráide sa réigiún fíona a cheartú trí aigéadacht intoirtmheasctha agus aigéadacht iarbhír a laghdú (méadú sa pH)

b) Fíonta cothromaithe i dtéarmaí blais a fhorbairt

c) Oibríocht aibithe fíona rianúil a chur chun cinn

*Saintreoracha*

a) Déan tagairt don chomhad ginearálta maidir le teicnící deighilte a úsáidtear i bpróiseáil úrfhíonta agus fíonta ([8]) agus don chomhad maidir le teicnící scannáin a chur i bhfeidhm ar úrfhíonta ([9]).

b) Níor cheart é a bheith de rún ag dí-aigéadú agus úsáid á baint as próiseas leictrea-scannáin fabht a cheilt.

c) Ní mór do na scannáin ainianacha a bheith comhdhéanta ar dhóigh is nach gceadaíonn siad ach amháin eastóscadh ainian agus go háirithe na haigéid orgánacha den úrfhíon.

d) Tá na scannáin dhépholacha neamhscagach ar ainiain agus caitiain na húrfhíona.

e) Ba cheart ar a laghad 1g/l d'aigéad tartarach a bheith san fhíon ó úrfhíon dhí-aigéadaithe.

f) Is comheisiatach ar a chéile iad dí-aigéadú trí phróiseas scannáin agus aigéadú.

g) Beidh fíoneolaí nó teicneoir cáilithe freagrach as an bpróiseas a chur chun feidhme.

h) Ní mór do na scannáin a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an '*Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*'.

### 2.1.3.2.5. **CÓIREÁIL LE CARBÓNÁIT PHOTAISIAM (OENO 580-2017)**

*Aicmiú*

Áiseanna próiseála

*Sainmhíniú*

An aigéadacht agus an aigéadacht iarbhír a laghdú (an pH a mhéadú) trí thartráit photaisiam neodrach nó carbonáit hidrigine photaisiam nó carbónáit chailciam a chur isteach ina bhféadfaí cainníochtaí beaga de shalann cailciam dúbailte d'aigéad tartarach L(+) agus aigéad malach L(-).

*Cuspóir*

a) Féach 2.1.3.2 ([10])

b) Chun dí-aigéadú a dhéanamh ar úrfhíon.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart 1g/l d'aigéad tartarach ar a laghad a bheith san fhíon ó úrfhíon dhí-aigéadaithe ar mhaithe le cúiseanna a bhaineann le cáilíocht fíona.

b) Ba cheart an próiseas maidir le foirmiú an tsalainn dhúbailte (salainn neodracha d'aigéad tartarach agus aigéad malach) a chur i bhfeidhm i gcás úrfhíonta atá ar mhórán aigéid mhalaigh agus nach soláthraíonn an t-aigéad tartarach amháin laghdú sásúil ar an aigéadacht intoirtmheasctha.

c) Ní bheidh sé mar aidhm ag an dí-aigéadú ceimiceach calaois a cheilt.

d) Is comheisiatach ar a chéile iad aigéadú ceimiceach agus dí-aigéadú ceimiceach.

e) Comhlíonfaidh na táirgí a chuirtear isteach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.4. **ÚSÁID EINSÍMÍ DON GHLÉGHLANADH (OENO 11/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021)**

*Aicmiú*

Araibionáisí: áis phróiseála

Ceallaláisí: áis phróiseála

([8]) Féach fonóta 3.
([9]) Féach fonóta 4.
([10]) Comhad OIV 2.1.3.2 Cuspóir: Fíonta cothromaithe ó thaobh na gcéadfaí de a tháirgeadh.

Liáisí peictine áis phróiseála

Meitileistearáis peictine: áis phróiseála

Polagalachtúronáisí: áis phróiseála

Heimicheallaláisí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóidí einsímeacha a chur leis an úrfhíon a bhfuil gníomhaíochtaí iontu a chatalaíonn díghrádú ar mhacramóilíní fíonchaor a chuaigh isteach san úrfhíon le linn na n-oibríochtaí eastósctha sú, chomh maith le béite-ghlúcain a tháirgeann an fungas *Botrytis cinerea*.

Áirítear go sonrach i measc na ngníomhaíochtaí einsíme a bhaineann le gléghlanadh úrfhíonta polagalachtúronáisí, liáisí peictin, peictinmeitileistearáisí, agus ar bhonn níos lú araibionáisí, ramnagalachtúrónáisí, ceallaláisí agus heimicheallaláisí chomh maith le β-ghlúcanáisí má thagann na húrfhíonta ó fhíonchaora botraíteasaithe.

*Cuspóir*

Gléghlanadh úrfhíonta a éascú.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.6. **CÓIREÁIL GEILITÍN (OENO 5/97)**

*Sainmhíniú*

Geilitín a chur leis an úrfhíon

*Cuspóirí*

a) Comhdhúile polaifeanólacha san úrfhíon a laghdú, ionas crapthacht na húrfhíona a laghdú roimh choipeadh.

b) Laghdú ar na cáithníní atá dothuaslagtha san úrfhíon.

*Saintreoir*

Ní mór don gheilitín a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.7. **TAINNIN A CHUR ISTEACH (16/70; OENO 612-2019)**

*Sainmhíniú*

Tainnin a chur leis an úrfhíon.

*Cuspóirí*

a) Cobhsú fíonta ina dhiaidh sin trí pháirt-deascadh d'ábhar próitéineach breise in úrfhíonta a éascú;

b) gléghlanadh úrfhíonta a éascú i gcomhair le hoibreáin de chineál próitéine a dhéanann gléghlanadh, agus ró-ghléghlanadh a chosc;

c) rannchuidiú le cosaint frithocsaídeora agus fhrithocsaíodáiseach ar chomhdhúile na húrfhíona;

d) léiriú dathanna i bhfíonta dearga a fuarthas ó úrfhíonta agus a bhfuil tainníní curtha leo, a chur chun cinn.

*Saintreoir*

a) Ionchorprú mear isteach san úrfhíon a éascú, is féidir tainníní a chur isteach díreach tar éis na buainte;

b) comhlíonfaidh na tainníní a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.8. **CÓIREÁIL LE BEINTINÍTÍ (16/70)**

*Aicmiú*

Beintinítí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Beintinítí a chur leis an úrfhíon.

*Cuspóir*

Cóireáil choisctheach le haghaidh smúiteáin phróitéine agus chopair.

*Saintreoir*

Comhlíonfaidh na substaintí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.9. **CÓIREÁIL LE CARBÓN (16/70), (OENO 3/02)**

*Aicmiú*

Carbón fíoneolaíochta: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Carbón a chur le húrfhíonta.

*Cuspóirí*

a) Saintréithe orgánaileipteacha fíona a cheartú i gcás fíonta a thagann ó úrfhíonta a gcuireann fungais isteach orthu amhail múscán liath nó oïdium.

b) Éilleáin a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíothú.

c) An dath a cheartú i gcás:

— úrfhíonta bána a dhíorthaítear ó shú bán na bhfíonchaor dearg,

— úrfhíonta fíorbhuí a dhíorthaítear ó chineálacha fíonchaor bán,

— úrfhíonta ocsaídithe.

*Saintreoracha*

a) Beidh cainníocht an charbóin thirim a úsáidtear níos lú ná 100 g/hl d'úrfhíon.

b) Comhlíonfaidh an carbón a chuirtear isteach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.10. **CÓIREÁIL LE DÉ-OCSAÍD SILEACAIN (1/91)**

*Sainmhíniú*

Tuaslagán collóideach a chur leis an úrfhíon mar aon le tuaslagán geilitín a chur isteach.

*Cuspóir*

Flocasú an gheilitín a bhaint amach d'fhonn gléghlanadh a dhéanamh.

*Saintreoracha*

a) Cuirtear an táirge leis an úrfhíon.

b) Is gá réamhthástálacha a dhéanamh chun na dáileoga is fearr de dhé-ocsaíd sileacain agus de gheilitín a chinneadh.

c) Comhlíonfaidh na táirgí a chuirtear isteach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.11. **SCAGACHÁN (16/70)**

*Aicmiú*

Péirlít: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Próiseas fisiceach lena gcuirtear úrfhíon trí scagairí iomchuí a choinníonn cáithníní i bhfuaidreán.

*Cuspóir*

Úrfhíon a ghléghlanadh.

*Saintreoracha*

a) Cleachtar scagachán le breiseáin nó gan bhreiseáin.

b) Comhlíonfaidh na breiseáin a úsáidtear, amhail cré dhiatómúil agus taos agus púdar ceallalósach, saintreoracha an *Codex Fíoneolaíochta Idirnáisiúnta*.

#### 2.1.11.1. **SCAGACHÁN AR LEABA SCAGACHÁIN (1/90)**

*Aicmiú*

Déatóimít: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Na húrfhíona a scagadh trí leaba ábhar scagaire cúnta.

*Cuspóir*

Féach 2.9

*Saintreoracha*

Is féidir an scagachán a dhéanamh:

a) trí dheascadh leanúnach na leapan ar thacaí iomchuí;

b) ar leaba scagacháin a fhoirmítear ar dhruma rothlach faoi fholús le díothú leanúnach den chraiceann seachtrach ina bhfuil na cáithníní scagtha.

Roghnaítear ábhair scagaire chúnta amhail cré dhiatómúil, péirlít agus ceallalós, mar fheidhm de chuid anleibhéil gléghlanta is inmhianaithe. Comhlíonfaidh siad saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.12. **PÁIRT-DÍHIODRÁITIÚCHÁN D'ÚRFHÍONTA (OENO 2/98)**

*Sainmhíniú*

Próiseas ina ndéantar cainníocht áirithe uisce in úrfhíon fíonchaor a dhíothú.

*Cuspóirí*

a) Leibhéal siúcra úrfhíona atá beartaithe lena choipeadh a mhéadú;

b) Úrfhíonta caramalaithe a tháirgeadh;

c) Úrfhíon tiubhaithe a tháirgeadh;

d) Siúcra fíonchaor a ullmhú.

*Saintreoracha*

a) Is féidir na cuspóirí seo a bhaint amach trí theicnící éagsúla ar a dtugtar teicnící laghdúcháin um shaibhriú fíona:

— tiúchan fuar;

— cúlosmóis,

— Páirt-ghalú trí fholús;

— Páirt-ghalú trí bhrú atmaisféarach;

b) Maidir leis an gcuspóir faoi a), ní fhéadfaidh an tiúchan a bheith ina chúis le laghdú is mó ná 20 % ar an toirt tosaigh ná le méadú is mó ná 2 % ar acmhainn nirt alcóil tosaigh féideartha an úrfhíona.

c) Ní fhéadfar díothú uisce san úrfhíon a charnadh le díothú uisce san fhíon comhfhreagrach (ach amháin maidir le cuspóir a).

#### 2.1.12.1. **TIÚCHAN ÚRFHÍONA TRÍ CHÚLOSMÓIS (OENO 1/93)**

*Sainmhíniú*

Próiseas ina ndéantar úrfhíon a thiúchan trí dhíothú ar pháirt den uisce trí scannáin shonracha faoi ghníomhaíocht brú is mó ná an brú osmóiseach san úrfhíon.

*Cuspóir*

Le saibhriú na húrfhíona a fháil, go háirithe i siúcraí.

*Saintreoracha*

a) Is féidir an tiúchan a chur i gcrích ar pháirt den úrfhíon ná uirthi go léir.

b) Ní dhéanfar an tiúchan chun toirt tosaigh na húrfhíona a laghdú faoi níos mó ná 20 % ná chun acmhainn nirt alcólaigh tosaigh den úrfhíon a mhéadú faoi níos mó ná 2 % (toirte).

c) Ós rud é go bhfuil tiúchan gach comhpháirte úrfhíona i gceist sa mhodh oibre seo, beidh cur i bhfeidhm an mhodha oibre teoranta d'úrfhíona i gcás ina bhfuil údar iomchuí leis. Níor cheart é a úsáid chun an cineál fíona a tháirgtear a mhodhnú.

d) Is faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear an modh oibre chun feidhme

e) Comhlíonfaidh na scannáin a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.12.2. **PÁIRT-GHALÚ FAOI FHOLÚS (OENO 1/01)**

*Sainmhíniú*

Saintreoracha chun úrfhíonta a thiúchan ag teocht mheasartha trí pháirt den uisce a ghalú sa mhalartóir teirmeach faoi ardfholús.

*Cuspóir*

Féach an bhileog maidir le 'Díhiodráitiú páirteach úrfhíonta'.

*Saintreoracha*

a) Roghnaigh aonad leanúnach, seachas ceann atá athshruthaitheach;

b) Déanann an tsaintreoir na comhábhair go léir a thiúchan agus mar sin ba cheart í a bheith teoranta d'úrfhíon ina bhfuil údar iomchuí leis an teicníc sin, agus níor cheart an cineál fíona a tháirgtear a mhodhnú;

c) Ní mholtar an tsaintreoir seo d'úrfhíonta ó chineálacha fíonchaor le cineálacha saora suntasacha ó bholadh;

d) Déanfaidh áiritheoir toirte an méid uisce a dhíothaítear a thomhas.

### 2.1.12.3. **PÁIRT-GHALÚ FAOI BHRÚ ATMAISFÉARACH (OENO 3/98)**

*Sainmhíniú*

Próiseas ina ndéantar méid áirithe uisce ó úrfhíon fíonchaor a dhíothú i gcóras galaithe faoi bhrú atmaisféarach.

*Cuspóirí*

Féach 2.1.12. b, c, agus d.

*Saintreoracha*

a) féadfar an galú a dhéanamh i gcoirí oscailte, le suaitheadh nó gan suaitheadh, agus le teas.

— trí thine dhíreach, nó

— trí mhuinchillí gaile nó i sreabhán calrach eile

b) Ní mór na próisis seo a chur i gcrích sa chaoi go bhfaightear an leibhéal tiúchana inmhianaithe agus caramalaithe siúcra gan athruithe neamhinmhianaithe a fháil.

### 2.1.12.4. **TIÚCHAN ÚRFHÍONA TRÍ FHUACHT (CRIÓI-TIÚCHÁN) (OENO 4/98)**

*Sainmhíniú*

Próiseas ina ndéantar úrfhíon a thiúchan trí pháirt-reo agus díothú an oighir a dhéantar ar an gcuma sin.

*Cuspóir*

Féach 2.1.12 a agus c.

*Saintreoracha*

Moltar sulfítiú éadrom na húrfhíona roimh reo.

### 2.1.14. **SNÁMHACHT (OENO 2/99, OIV-OENO 708-2022)**

*Sainmhíniú*

Oibriú ina ndéantar gás a instealladh isteach in úrfhíon sa chaoi go n-éiríonn cáithníní nó miocrorgánaigh go dtí an dromchla uirthi.

*Cuspóirí*

a) Gléghlanadh mear a fháil le hoibreáin ghléghlanta a chur léi nó gan iad a chur léi.

b) An pobal dúchasach miocrorgánach a laghdú roimh choipeadh alcólach ar mhaithe le húsáid giostaí roghnaithe ina dhiaidh sin.

c) Gléghlanadh a dhéanamh go leanúnach d'fhonn an chainníocht míreanna le díothú a thabhairt chun rialtachta.

d) Agus b'fhéidir, feabhas a chur ar ocsaiginiú le linn gléghlanta.

*Saintreoracha*

Féadfar gléghlanadh a dhéanamh:

a) arna cosaint ón aer trí nítrigin nó argón a úsáid, nó trí aerú comhbhrúite chun ocsaídiúchán de chomhdhúile inocsaídithe agus dath an fhíona a dhéanamh níos seasmhaí;

b) ag teocht chomhthimpeallach, tar éis fuarú nó trí chórais leanúnacha a úsáid a cheadaíonn rialú i bhfíor-am ar oibreáin ghléghlanta agus luas gléghlanta;

c) nó ar bhealach statach agus úsáid á baint as coimeádáin iomchuí.

d) Ní mór do na táirgí a úsáidtear a bheith i gcomhréir le caighdeáin an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.15. **CÓIREÁIL CÁISÉINEÁIT PHOTAISIAM (OENO 4/04)**

*Aicmiú*

Cáiséanáit photaisiam: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Cáiséanáit photaisiam a chur le húrfhíonta i bhfoirm fuaidreán collóideach nó i gcomhar le hoibreáin ghléghlanta eile.

*Cuspóir*

Comhdhúile polaifeanólacha ocsaídithe a dhíothú nó na comhdhúile sin ar dóigh dóibh ocsaídiú.

*Saintreoir*

Ní mór do cháiséanáit photaisiam saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.16. **CÓIREÁIL LE CÁISÉIN (OENO 5/04)**

*Aicmiú*

Cáiséin (cáiséanáit chailciam): áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Cáiséin a chur le húrfhíonta i bhfoirm fuaidreán collóideach nó i gcomhar le hoibreáin ghléghlanta eile.

*Cuspóir*

Comhdhúile polaifeanólacha a dhíothú nó iad siúd ata soghabhálach i leith ocsaídithe.

*Saintreoir*

Ní mór don cháiséin a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.17. **GLÉGHLANADH TRÍ PHRÓITÉINÍ DE BHUNADH PLANDAÍ A ÚSÁID (OENO 7/04)**

*Cuspóirí*

Ábhar próitéine de bhunadh plandaí a úsáid do ghléghlanadh úrfhíonta d'fhonn soiléireacht, cobhsaíocht agus blas a fheabhsú.

*Saintreoracha*

1. Déantar cinneadh faoin dáileog atá le húsáid tar éis réamhthástáil thrialach. Ba cheart an uasdáileog úsáide a bheith níos lú ná 50 g/hl. Comhfhreagraíonn an dáileog a choimeádtar leis an sampla a tháirgeann an tsoiléireacht inmhianaithe agus a thugann toradh níos fearr ó thaobh blais de.
2. Is féidir ábhar próitéine de bhunadh plandaí a úsáid in éineacht le táirgí eile ceadaithe amhail tainníní, beintinít, glóthach shilice...
3. Ní mór d'ábhar próitéine de bhunadh plandaí saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.18. **ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN INSCAGTHACHT A FHEABHSÚ (OENO 14/04, OENO 499-2013, OENO 682-2021)**

*Aicmiú*

Araibionáisí: áis phróiseála

Ceallaláisí: áis phróiseála

Liáisí peictine áis phróiseála

Meitileistearáis peictine: áis phróiseála

Polagalachtúronáisí: áis phróiseála

Heimiceallaláisí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóidí einsímeacha a chur le húrfhíon a bhfuil gníomhaíochtaí iontu a chatalaíonn díghrádú ar mhacramóilíní calctha na bhfíonchaor a chuaigh isteach san úrfhíon le linn oibríochtaí eastósctha an tsú.

Áirítear go sonrach i measc na ngníomhaíochtaí einsíme a bhaineann le hinscagthacht úrfhíonta a fheabhsú polagalachtúronáisí, liáisí peictin, peictinmeitileistearáisí, agus ar bhonn níos lú araibionáisí, ramnagalachtúrónáisí, ceallaláisí agus heimiceallaláisí chomh maith le β-ghlúcanáisí más ó fhíonchaora botraíteasaithe a thagann na húrfhíonta.

*Cuspóir*

Feabhas a chur ar inscagthacht úrfhíonta trí hidrealú sonrach collóideach.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.1.19. **ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN SUBSTAINTÍ BLAISTITHE A SCAOILEADH (OENO 16/04, OENO 498-2013)**

*Aicmiú*

Gliocóisídeáisí: áis phróiseála

Glúcóisídeáisí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóidí einsímeacha a chur leis an úrfhíon ina bhfuil gníomhaíochtaí iontu a chatalaíonn hidrealú den chuid siúicríde de na substaintí aramatacha glicisileáitithe (réamhtheachtaithe blais) den fhíonchaor, amhail teirpéiní glicisileáitithe.

Is iad gliocóisídeáisí agus glúcóisídeáisí na gníomhaíochtaí einsíme a bhaineann le substaintí blaistithe a scaoileadh. D'fhéadfaí go n-éireodh na heinsímí seo gníomhach ach amháin i ndiaidh thabhairt i gcrích an choipthe ag brath ar an ngrád coiscthe trí ghlúcós.

*Cuspóir*

Acmhainneacht aramatach na húrfhíona a fheabhsú.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.20. **CÓIREÁIL ASÚITEACH CHOMHPHOLAIMÉIR PVI/PVP (OENO 1/07, OENO 262-2014)**

*Sainmhíniú*

Comhpholaiméirí polaivinilmíodasóil agus polaivinilpioróladóin (PVI/PVP) a chur isteach d'fhonn cion copair, iarainn agus trom-miotail a laghdú.

*Cuspóirí*

a) Fabhtanna mar thoradh ar chion trom-mhiotail ró-ard (mar shampla briseadh feireach) a chosc.

b) Laghdú a dhéanamh ar ardtiúchan neamhinmhianaithe miotal mar thoradh air:

— úrfhíon atá éillithe ag caitain mhiotail (mar shampla trí iarmhair ó tháirgí físeashláintíochta a bhfuil copar iontu),

— éilliú caitiain miotail le linn chóireáil úrfhíona ó threalamh físonóireachta.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart an méid a úsáidtear a bheith níos lú na 500 mg/l.

b) Nuair a chóireáiltear úrfhíonta agus físonta le comhpholaiméirí PVI/PVP, ba cheart an dáileog charntha a bheith níos lú ná 500 mg/l.

c) Ní mór na comhpholaiméirí a dhíothú trí scagachán tráth nach déanaí ná 2 lá tar éis iad a chur isteach, agus aird á tabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim. I gcás úrfhíonta modartha, ní mór an chomhpholaiméir a chur isteach tráth nach luaithe ná dhá lá ar a mhéad roimh scagachán.

d) Ní mór do na comhpholaiméirí asúiteacha a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Físoneolaíochta* agus go háirithe na teorainneacha monaiméirí.

e) Is faoi fhreagracht físoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear an modh oibre chun feidhme.

### 2.1.21. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD TARTARACH RAICÉIMEACH (OENO 3/08)**

*Aicmiú*

Aigéad tartarach raicéimeach: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Aigéad tartarach raicéimeach nó salainn photaisiam ó aigéad tartarach raicéimeach a chur le húrfhíon

*Cuspóirí*

Leibhéil iomarcacha cailciam a laghdú

*Saintreoracha*

a) Baineann an chóireáil seo amach salainn atá an-dothuaslagtha. Tá úsáid aigéid thartaraigh raicéimigh faoi réir rialacháin áirithe.

b) Is faoi fhreagracht físoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear an chóireáil chun feidhme.

c) Comhlíonfaidh na táirgí a chuirtear isteach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Físoneolaíochta*.

### 2.1.22. **GLÉGHLANADH AGUS CIOTÓSÁN A ÚSÁID (OIV-OENO 336A-2009)**

*Sainmhíniú*

Ciotósán de bhunadh fungasach a chur isteach chun críche úrfhíonta a ghléghlanadh

*Cuspóirí*

Síothlú agus gléghlanadh a éascú.

Cóireáil a dhéanamh chun smúiteán próitéine a chosc.

*Saintreoracha*

a) Is tar éis réamhthástála a dhéantar cinneadh faoi na dáileoga atá le húsáid. Ba cheart an dáileog mholta a bheith níos lú ná nó cothrom le 100 g/hl.

b) Ní mór do chiotósán ceanglais an *Codex Idirnáisiúnta Físoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.23. **GLÉGHLANADH AGUS CITIN-GHLÚCAN A ÚSÁID (OIV-OENO 336B-2009)**

*Sainmhíniú*

Citin-ghlúcan de bhunadh fungasach a chur isteach chun críche úrfhíonta a ghléghlanadh

*Cuspóirí*

a) Síothlú agus gléghlanadh a éascú.

b) Cóireáil a dhéanamh chun smúiteán próitéine a chosc.

*Saintreoracha*

a) Is tar éis réamhthástála a dhéantar cinneadh faoi na dáileoga atá le húsáid. Ba cheart an dáileog mholta a bheith níos lú ná nó cothrom le 100 g/hl.

b) Ní mór do chitin-glúcan ceanglais an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.24. **GLÉGHLANADH AGUS EASTÓSCÁIN PHRÓTÉINE GIOSTA A ÚSÁID (OENO 416-2011)**

*Aicmiú*

Eastóscáin próitéine giosta: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Eastóscáin próitéine giosta a chur isteach chun úrfhíonta a ghléghlanadh

*Cuspóirí*

a) Trasdoirteadh úrfhíonta a éascú.

b) Moirtiúlacht úrfhíonta a laghdú trí cháithníní atá ar fuaidreamh a dheascadh.

c) Cainníocht tainnine a laghdú.

d) Feabhas a chur ar inscagthacht fíona a dhíorthaítear ó úrfhíonta gléghlanta.

*Saintreoracha*

a) Cinntear na dáileoga atá le húsáid roimh ré trí thrialacha saotharlainne (pointe gléghlanta).

b) Cinntear an uasdáileog trí thástáil éifeachtúlachta sa tsaotharlann, agus níor cheart í a bheith níos mó ná 30 g/hl.

c) Is féidir na heastóscáin próitéine giosta a úsáid ina n-aonar nó i dtaca le táirgí gléghlanta údaraithe eile.

d) Díothaítear na deascáin ó ghléghlanadh úrfhíonta ó na húrfhíonta trí phróisis fisiciúla.

e) Ní mór do na heastóscáin phróitéine giosta saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.1.26. **CÓIREÁIL TRÍ PHRÓISIS ARDBHRÚ NEAMHLEANÚNCHA (OENO 594A-2019)**

*Sainmhíniú*

Próiseas ina laghdaítear orgánaigh dhúchasacha in úrfhíonta trí leas a bhaint as próisis ardbhrú neamhleanúnacha, le brúnna is airde ná 150 MPa (1 500 bar).

*Cuspóir*

a) Ualaí miocróbacha na miocrorgánach dúchasach a laghdú, giostaí go háirithe,

b) Leibhéil SO2 a úsáidtear san fhíonóireacht a laghdú,

c) Maothú san fhíonóireacht dhearg a luathú.

*Saintreoracha*

a) Baineann teicníc an ardbhrú hidreastataigh (HHP) le leas a bhaint as leibhéil bhrú is airde ná 150 Mpa (1 500 bar) le linn próiseas neamhleanúnach.

b) Ní mór do na leibhéil bhrú a bheith idir 200-400 MPa chun deireadh a chur le giostaí i bhfíonchaora agus úrfhíonta.

c) Ní mór do na leibhéil bhrú a bheith idir 500-600 MPa chun deireadh a chur le cealla baictéaracha.

d) Is idir 2-10 é nóiméad an raoin aga cóireála.

e) Más gá, is féidir an méadú sa teocht a rialú le cuisniúchán forlíontach.

f) Níor cheart an méadú teochta agus na teicnící úsáidte a bheith ina gcúis le haon athrú i ndealramh, dath, nó blas an fhíona.

### 2.1.27. **CÓIREÁIL FÍONCHAOR LE RÉIMSÍ LEICTREACHA BÍOGACHA (PEF) (OENO 634-2020)**

*Sainmhíniú*

Próiseas ina gcuirtear i bhfeidhm réimsí leictreacha bíogacha (PEF) atá ard a ndóthain ar fhíonchaora gan ghas agus brúite a chruthaíonn tréscaoilteacht na gcillscannán, go háirithe craicne na bhfíonchaor.

*Cuspóir*

a) Fíonchaora dearga atá gan ghas agus brúite a chóireáil trí PEF d'fhonn

— Eastóscadh substaintí luachmhara a éascú agus a mhéadú amhail polaifeanóil, nítrigin infhaighte ag giostaí, comhdhúile dea-bholaidh lena n-áirítear réamhtheachtaithe agus substaintí eile atá suite laistigh de chealla fíonchaor

— Aga maothaithe a laghdú

b) Fíonchaora bána atá gan ghas agus brúite a chóireáil trí PEF d'fhonn

— Eastóscadh substaintí luachmhara a éascú agus a mhéadú amhail polaifeanóil, nítrigin infhaighte ag giostaí, comhdhúile dea-bholaidh lena n-áirítear réamhtheachtaithe agus substaintí eile suite laistigh de chealla fíonchaor.

*Saintreoracha*

Teicníc ina gcuirtear i bhfeidhm réimsí leictreacha bíogacha sa raon idir nanashoicindí agus milleasoicindí atá ard a ndóthain chun tréscaoilteacht na cillscannán a chruthú. Déantar cóireáil ar na fíonchaora gan ghas agus brúite i gcoimeádán cóireála amháin ar a laghad le péire amháin leictreoidí ar a laghad.

### 2.1.28. **ÚSÁID SNÁITHÍNÍ PLANDÚLA ROGHNAÍOCHA IN ÚRFHÍON (OIV-OENO 684B-2022)**

*Sainmhíniú*

Asúiteoir roghnaíoch atá comhdhéanta de shnáithíní plandaí a úsáid in úrfhíonta.

*Cuspóir*

a) Leibhéil ócratocsaine A in úrfhíonta a laghdú;

b) Líon agus leibhéil iarmhair táirgí físeashláintíochta in úrfhíonta a laghdú.

*Saintreoracha*

a) tá snáithíní plandaí roghnaíocha le hionchorprú in úrfhíon, nó le linn coipthe;

b) Déanfar an dáileog atá le húsáid a chinneadh ag brath ar úrfhíon agus ar leibhéil na móilíní atá le hasú, agus níor chóir í a bheith níos mó ná 200 g/hL;

c) Tá snáithíní plandaí roghnaíocha le baint trí racáil tar éis a ndríodraithe, trí lártheifneoiriú nó trí scagachán;

d) Tá snáithíní plandaí roghnaíocha le húsáid in úrfhíonta i gcomhréir leis na húdaruithe agus na teorainneacha is infheidhme maidir le hiarmhair táirgí físeashláintíochta;

e) Ní mór do snáithíní plandúla roghnaitheacha saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.2.3. **LEASÚ TRÍ DHÉ-OCSAÍD CHARBÓIN A CHUR LE hÚRFHÍON NÓ CARBÓNÁITIÚ ÚRFHÍONA (16/70)**

*Sainmhíniú*

Dé-ocsaíd charbóin a chur le húrfhíon faoi bhrú, ionas go gcuirfear bac ar a coipeadh.

*Cuspóirí*

a) Leasú úrfhíona le húsáid i monarú sú.

b) Coipeadh a mhoilliú nó a stopadh le hidirghabháil nó gan idirghabháil eile.

*Saintreoir*

Comhlíonfaidh an gás a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.2.4. **PAISTÉARADH (5/88)**

*Sainmhíniú*

Úrfhíon a théamh go teocht shonraithe ar feadh tréimhse áirithe.

*Cuspóirí*

a) Cosc a chur ar ghníomhaíocht miocrorgánach atá san úrfhíon tráth na cóireála.

b) Einsímí atá san úrfhíon a dhíghníomhú.

*Saintreoracha*

a) Déantar paistéaradh i mbulc tríd an úrfhíon a chur trí theasmhalartóir agus ina dhiaidh sin trí fhuarú mear a dhéanamh.

b) Ní bheidh an méadú teochta agus na teicnící a úsáidtear ina gcúis le haon athrú i ndealramh, dath, nó blas na húrfhíona.

### 2.2.5. **COSAINT FAOI ATMAISFÉAR TÁMH (16/70)**

*Aicmiú*

Nítrigin: áis phróiseála

Argón: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Oibríocht atá ag teacht le hatmaisféar támh a chruthú agus úsáid a bhaint as nítrigin, dé-ocsaíd charbóin agus/nó argón.

*Cuspóir*

An úrfhíon a choimeád sábháilte ón aer chun ocsaídiú agus fás orgánach aeróbach a sheachaint.

*Saintreoracha*

Comhlíonfaidh an nítrigin, dé-ocsaíd charbóin agus argón saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.2.6. **CÓIREÁIL LÍSISÍME (OENO 6/97)**

*Sainmhíniú*

Lísisím a chur le húrfhíon.

*Cuspóirí*

a) Fás agus gníomhaíocht na mbaictéar atá freagrach as coipeadh malalachtach na húrfhíona a rialú.

b) Laghdú ar ráta dé-ocsaíde sulfair.

*Saintreoracha*

a) De réir turgnamh, dealraíonn sé go bhfuil an uasdáileog de 500 mg/l leordhóthanach chun fás agus gníomhaíocht na mbaictéar atá freagrach as coipeadh malalachtach le linn coipeadh alcólach a rialú.

b) Ní féidir le lísisím í fein a ionadú go $SO_2$ a bhfuil airíonna frithocsaídeora aige. Déanann comhúsáid $SO_2$ + agus lísisím fíonta níos seasmhaí.

c) Nuair a chóireáiltear úrfhíon agus fíon le lísisím, ní rachaidh an dáileog charntha thar 500mg/l.

d) Ní mór don táirge a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.2.7. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD ASCORBACH (OENO 11/01)**

*Aicmiú*

Aigéad ascorbach: breiseán

Aigéad eireatorbach: breiseán

*Sainmhíniú*

Aigéad ascorbach a chur leis an úrfhíon.

*Cuspóirí*

1. Substaintí aramatacha na fíonchaoire a chosaint, trí leas a bhaint as saintréithe frithocsaídeora an táirge, ó thionchar na hocsaíde san aer.

2. Srian a chur le foirmiú eatánóil le linn coipeadh alcólach, tríd an gcomhcheangal le dé-ocsaíd sulfair.

3. Srian a chur le foirmiú suilfíde hidrigine agus tióil sho-ghalaithe de bhunadh coipthe.

*Saintreoracha*

a) Moltar aigéad ascorbach a chur isteach díreach i ndiaidh bhrú na fíonchaoire.

b) Ní rachaidh an dáileog a úsáidtear, í carntha más gá, leis an dáileog a úsáidtear leis na fíonchaora, thar 250 mg/l.

c) Moltar aigéad ascorbach a úsáid le dé-ocsaíd sulfair.

d) Comhlíonfaidh an t-aigéad ascorbach saintreoracha *an Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.2.9. **CÓIREÁIL LE GIOSTAÍ DÍGHNÍOMHAITHE AG A bhFUIL LEIBHÉIL GHLÚTAITIÓIN RÁTHAITHE (OIV-OENO 532/2017)**

*Aicmiú* ([11])*:*

*Sainmhíniú*

Giostaí díghníomhaithe ag a bhfuil leibhéil ghlútaitióin ráthaithe i gcealla na ngiostaí sin a chur isteach.

*Cuspóirí*

a) Srian a chur le hocsaídiú de chomhdhúile aramatacha cineálacha áirithe a nochtar le meitibileacht giostaí (tióil go háirithe).

b) Meitibileacht giosta a chur chun cinn trí chomhdhúile cothaitheacha a fhaightear go nádúrtha a chur ar fáil.

*Saintreoracha*

a) Moltar giostaí díghníomhaithe ag a bhfuil leibhéil ghlútaitióin ráthaithe a chur isteach ag tús nó le linn coipeadh alcólach, chun a áirithiú go bhfuil an leibhéal nítrigine in-asamhlaithe leordhóthanach ionas nach n-úsáidfidh na giostaí coiptheacha an glútaitión.

b) An dáileog glútaitióin a úsáidtear, cibé a sholáthrófar é go díreach nó trí mheán giostaí ag a bhfuil leibhéil ghlútaitióin ráthaithe, níor cheart í a bheith níos mó ná 20 mg/l, d'fhonn aon riosca de laghdú a sheachaint agus teacht chun cinn blais giosta.

c) Ba cheart leibhéal níos lú glútaitióin a bheith sna giostaí díghníomhaithe ag a bhfuil leibhéil ghlútaitióin ráthaithe; d'fhéadfaí go mbeidh sé seo in éineacht lena réamhtheachtaithe (cistéin agus go háirithe gáma-glútaimiolcistéin).

d) Ní mór do na giostaí díghníomhaithe ag a bhfuil leibhéil ghlútaitióin ráthaithe acu saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.2.10. **CÓIREÁIL LE PRÓISIS ARDBHRÚ LEANÚNACHA (OENO 594B-2020)**

*Sainmhíniú*

Oibríocht chun miocrorgánaigh fiáine in úrfhíonta a dhíothú trí phróiseáil ardbhrú (níos mó ná 200 MPa nó 2 000 bar) go leanúnach. San UHPH, is idir 300-400 é an raon brú de ghnáth.

([11]) Amhail dáta foilsithe an doiciméid seo, níl an tsubstaint aicmithe ag an OIV. Níl sé údaraithe san Aontas Eorpach ach amháin mar áis phróiseála de réir cholún-6 de mhír líne 4.9 de Thábla 2 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún. Dá dheasca sin, níl cuspóir a) de chomhad OIV 2.2.9 ábhartha don Aontas Eorpach.

*Cuspóirí*

— An t-ualach miocrorgánach fiáin a laghdú nó a dhíothú, giostaí go príomha, agus an cháilíocht orgánaileipteach a chaomhnú.

— An méid SO2 a úsáidtear san fhíonóireacht a laghdú.

— Gníomhaíocht einsímí ocsaídiúcháin a laghdú nó a dhíghníomhú.

— Úrfhíon fíonchaor a dhéanamh seasmhach ó thaobh na micribhitheolaíochta de.

— Úrfhíonta páirtchoipthe a fháil.

*Saintreoracha:*

a) Is é atá sa teicníc ultra-ardbhrú homaiginithe (UHPH) ná brúnna is airde ná 200 Mpa (2 000 bar) a chur i bhfeidhm trí chaidéalú leanúnach.

— UHPH: próiseas leanúnach a d'fhéadfaí a bheith chomhtháite ní b'fhearr i réamhchóireáil úrfhíonta.

b) Chun giostaí na n-úrfhíonta a dhíothú, bíonn gá le brúnna idir 200-400 Mpa.

c) Chun baictéir a dhíothú, bíonn gá le brúnna 200-400 Mpa.

d) Is é 40 L / h go dtí 40,000 L / h an raon maidir le luas cóireála.

e) Más gá, is féidir an méadú sa teocht a rialú le breis cuisniúcháin.

f) Níor cheart an méadú teochta ná na teicnící a úsáidtear a bheith ina gcúis le haon athrú suntasach i ndealramh, dath, nó blas an fhíona.

g) Ní mór do na modhanna oibre a bheith i gcomhréir leis na sonraíochtaí den *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.2.11. **ÚRFHÍONTA A CHÓIREÁIL TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS COIRNÍNÍ STIRÉINE-DÉVINILBEINSÉINE ASÚITEACHA (OENO 614A-2020)**

*Sainmhíniú*

Próiseas fisiceach ina dhéantar dialltaí orgánaileipteacha a gcuirtear síos orthu mar 'ithreach-dreoite' a laghdú nó a dhíothú trí shíothlú rialaithe iomchuí d'úrfhíonta ag ráta sreafa ard trí choirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha.

*Cuspóirí*

a) an aireachtáil de dhialltaí orgánaileipteacha a chuirtear síos orthu mar 'créúil agus dreoite' a dhíothú trí thiúchan ar cheann de na príomh-mhóilíní atá freagrach as, geosamain, a laghdú, nó é a dhíothú.

*Saintreoracha*

a) ba cheart an chóireáil a chur i gcrích ar úrfhíonta gléghlanta le moirtiúlachta níos lú ná 30 NTU (aonaid smúitmhéadracha moirtiúlachta). Maidir le fíonchaora dearga, ba cheart réamhthástáil a scarann an chéim leachta ó na codanna soladacha a bheartú.

b) Déanfar an méid coirníní asúiteacha le húsáid sa cholún agus an ráta sreafa úrfhíona a chinneadh bunaithe ar an méid tosaigh geosamaine.

c) Cuirtear na coirníní asúiteacha i gcolún atá i gcomhréir le caighdeáin i dtaca le hábhair a bhíonn i dtadhall le bia.

d) Ba cheart do na coirníní asúiteacha agus na coinníollacha úsáide a bhaineann leo a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.2.12. **ÚSÁID ASPEIRGILEOIPEIPSIN I CHUN PRÓITÉINÍ GINTE SMÚITEÁN A BHAINT (OENO 541A-2021)**

*Sainmhíniú*

Aspeirgileoipeipsin I ó *Aspeirgileas* spp. a chur le húrfhíon fíonchaor chun smúiteán próitéine a bhaint.

*Cuspóir*

Smúiteán próitéine i bhfíonta socra, fíonta rosé agus fíonta súilíneacha a chosc.

*Saintreoir*

a) Ullmhóid Aspeirgileoipeipsin I a chur le húrfhíon roimh thús coipthe

b) I ndiaidh na hullmhóide Aspeirgileoipeipsin I a chur isteach, ní mór téamh gearrthéarmach úrfhíona amháin a chur i bhfeidhm mar go gcuireann sé le dífhilleadh próitéiní a dhéanann smúiteán, agus toisc go ndéanann sé díghrádú einsímeach na bpróitéiní sin trí phróitéáisí a éascú, chomh maith le dínádúrúchán na próitéáise í féin a dhéanamh mar thoradh air sin.

Ní mór na nithe seo a chur san áireamh leis an gcóireáil teasa aonair:

— gníomhaíocht na hullmhóide Aspeirgileoipeipsin I a mhéid a bhaineann leis an teocht

— an chainníocht Aspeirgileoipeipsin I a úsáidtear

— íosteocht na cóireála, ar cheart í a bheith cothrom le teocht dínádúrúcháin na bpróitéiní nó níos airde ná í, teocht a bhíonn go ginearálta idir 60 agus 75°C.

— an t-aga teasa, a bhíonn thart ar 1 nóiméad go ginearálta. D'fhéadfadh sé go mbeadh aga teasa rófhada ina chúis le tionchar diúltach orgánaileipteach.

Is inchúlaithe é caillteanas na cumraíochta tríthoisí TLP (Próitéiní amhail Támaitin), mar sin ní mór an téamh a bheith comhuaineach le cur isteach na n-einsímí le haghaidh éifeachtúlacht optamach.

c) Déantar an úrfhíon a fhuarú chuig teocht iomchuí roimh ionaclú giosta.

d) Ní mór scagachán a dhéanamh chun na próitéiní iarmharacha a bhaint (lena n-áirítear próitéáisí a cuireadh isteach agus próitéiní eile).

e) Ní mór do na heinsímí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 2.3.1. **INOACLÚ LE GIOSTAÍ (16/70, ECO 3/03) (OENO 546/2016)**

*Sainmhíniú*

Ionaclú úrfhíona, roimh choipeadh nó ina dhiaidh, le cuidiú ó ionaclam tús gabhála a ullmhaítear ó ghiostaí dúchasacha nó ó ghiostaí roghnaithe.

*Cuspóirí*

a) Coipeadh a thosú, a rialú agus luathú, go háirithe i gcás fíonóireachta, atá ag dul ar aghaidh go rómhall.

b) Coipeadh briste a athmhúscailt.

c) Ídiú glúcóis agus fruchtóis a éascú.

d) An aigéadacht fíona a athrú trí shintéis nó miondealú ar aigéid orgánacha.

e) Aigéadacht sho-ghlalaithe níos lú a tháirgeadh, go háirithe i gcás úrfhíonta a bhfuil ardleibhéil siúcra iontu.

f) Tionchar a fheidhmiú ar airíonna céadfacha an fhíona (dea-bholaithe, blas sa bhéal).

*Saintreoracha*

a) An giosta nó meascán giostaí iomchuí don chuspóir atá le saothrú a úsáid.

b) I gcás neamh-*Shiúcraimíceas*, cuirtear leis iad ag an tráth céanna leis na *Siúcraimíceas* nó roimhe sin.

c) Féadfaidh na saothráin tús gabhála a chuirtear leis a bheith ina saothráin ghlana nó ina gcumaisc de thréithchineálacha *Siúcraimíceas* agus tréithchineálacha neamh-*Shiúcraimíceas*.

d) I gcás ina n-úsáidtear giostaí roghnaithe (Siúcraimíceas agus neamh-Shiúcraimíceas), comhlíonfaidh siad saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.3.2. **MÚSCLÓIRÍ COIPTHE (OENO 7/97; 14/05; OENO 633-2019)**

*Aicmiú*

Uathaláití giosta: áis phróiseála

Ceallalós Micricriostalta: áis phróiseála

Ceallalós de ghrád bia: áis phróiseála

Giostaí díghníomhaithe: áis phróiseála

Monai-ghlicrídí agus dé-ghlicrídí d'aigéid shailleacha: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Músclóirí coipthe a chur leis an úrfhíon nó sa bhuaint, roimh choipeadh alcólach nó lena linn.

*Cuspóir*

Cuidiú le tús nó comhlánú an choipthe alcólaigh:

a) tríd an timpeallacht a shaibhriú le heilimintí cothaitheacha (nítrigin amóiniach, nítrigin aimínithe agus pheiptídeach) agus tosca fáis (tiaimín, aigéid shailleacha fadslabhrúla),

b) agus an timpeallacht a dhíthocsainiú trí scaoileadh gasta na dé-ocsaíde carbóin ag tús coipthe alcólaigh agus/nó trí asúchán coscairí giosta amhail aigéid shailleacha mheánslabhrúla (ról tacaíochta ag giostaí díghníomhaithe, ceallalós de ghrád bia).

*Saintreoracha*

a) Féadfaidh ceallalós mionchriostaltha, ceallalós de ghrád bia, salainn amóiniacha, tiaimín nó táirgí a thagann ó dhíghrádú giostaí a bheith ina músclóirí (uathaláití, craicne cille, giostaí díghníomhaithe).

b) Ní mór do na músclóirí coipthe a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.3.3. **CÓIREÁIL LE TIAIMÍN (6/76)**

*Aicmiú*

Hidreaclóiríd tiaimín: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Tiaimín a chur leis an úrfhíon.

*Cuspóirí*

a) An coipeadh alcólach a luathú.

b) Laghdú a chur, le linn an choipthe alcólaigh, le foirmiú substaintí a bhfuil sé ar a gcumas comhcheangal a dhéanamh le dé-ocsaíd sulfair, agus anuas air sin chun laghdú sa dáileog a cheadú.

*Saintreoracha*

a) De réir turgnamh a rinneadh go dtí seo, tá dáileog 60 mg/hl leordhóthanach.

b) Comhlíonfaidh an táirge saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.3.4. **CÓIREÁIL LE SCÁILEANNA GIOSTA (5/88)**

*Aicmiú*

Crotail ghiosta: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóid scáileanna giosta a chur leis an úrfhíon, leis an úrfhíon atá ag coipeadh nó leis an bhfíon.

*Cuspóirí*

a) Greamú an choipthe alcólaigh a chosc.

b) Comhlánú coipthe mhall a éascú.

c) Coipeadh 'greamaithe' a chóireáil.

*Saintreoracha*

a) Cuirtear scáileanna giosta leis roimh nó ag tús an choipthe maidir le cuspóir (a); ag críoch an choipthe maidir le cuspóir (b); roimh ionaclú giosta maidir le cuspóir (c).

b) Ní bheidh na dáileoga a úsáidtear níos mó ná 40 g/hl.

c) Comhlíonfaidh na scáileanna giosta saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 2.3.6. **BRISEADH LE LINN COIPEADH ALCÓLACH TRÍ MHODHANNA OIBRE FISICEACHA (5/88)**

*Sainmhíniú*

Stad a chur leis an gcoipeadh alcólach.

*Cuspóir*

Táirge a bhfuil siúcra inginiúil ann a fháil.

*Saintreoracha*

a) Ní fhéadfar ach na teicnící fisiceacha: teas, fuacht, scagachán agus lártheifneoiriú a úsáid.

b) Beifear in ann an táirge a fhaightear a choipeadh.

### 2.3.9. **MAOTHÚ IARCHOIPTHE TE AR FHÍONCHAORA DEARGA AR A nGLAOITEAR MAOTHÚ TE CRÍOCHNAITHEACH (OENO 13/05)**

*Sainmhíniú*

Modh oibre ina ndéantar maothú coipthe a fhadú trí mhaothú iarchoipthe te a úsáid.

*Cuspóirí*

a) Críoch a chur le scaoileadh chomhdhúile craicinn a dhéanann maothú réamhchoipthe agus iarchoipthe.

b) Struchtúr polaifeanólach fíona agus saintréithe datha a fheabhsú.

*Saintreoracha*

a) Moltar gan an teicníc seo a úsáid le linn buainte ina bhfuil easnaimh sa stádas sláinte.

b) Áirithítear go bhfuil coipeadh alcólach go hiomlán críochnaithe.

c) Cosnaítear ó fheiniméin ocsaídiúcháin, go háirithe le linn chéim théamh an fhíona le dé-ocsaíd charbóin.

d) Teocht na gcumasc fíona a thabhairt ó 40 go 45 C.

e) Fad ama le haghaidh maothú te bunaithe ar shaintréithe fíonchaor agus an chineáil fíona inmhianaithe a chinneadh.

f) Cumaisc fionnuara fíona roimh a bhaint ón ndabhach agus a fháisceadh.

### 3.1.1. **AIGÉADÚ (6/79, OENO 361/2010)**

*Aicmiú*

Aigéad malach (D,L-, L-): breiseán

Aigéad lachtach: breiseán

Aigéad tartarach: breiseán

Aigéad citreach, monaihiodráit: breiseán

*Sainmhíniú*

Aigéadacht intoirtmheasctha agus an aigéadacht iarbhír a mhéadú (laghdú sa pH).

*Cuspóirí*

a) Táirgeadh fíonta ag a bhfuil cothromaíocht chéadfach mhaith

b) Saintréithe maithe bitheolaíocha agus dea-cháilíocht choinneála an fhíona a chur chun cinn.

*Saintreoracha*

Is féidir na cuspóirí a bhaint amach:

a) Trí fhíonta ag a bhfuil ardleibhéil aigéadachta a chumasc;

b) Le cuidiú ó chaitianmhalartóirí láidre san fhoirm shaor

c) Trí mhodhanna oibre ceimiceacha a úsáid (féach *Aigéadú ceimiceach*)

d) trí chóireáil leictreascannáin, féach Aigéadú trí chóireáil leictreascannáin (leictrea-scagdhealú scannáin dépholach)

### 3.1.1.1. **AIGÉADÚ CEIMICEACH (OENO 4/99, OENO 14/01)**

*Sainmhíniú*

An aigéadacht toirtmheasctha agus an aigéadacht iarbhír a mhéadú (agus pH a laghdú) trí aigéid orgánacha a chur isteach.

*Cuspóirí*

a) Fíonta cothromaithe ó thaobh na blastachta de a tháirgeadh.

b) Cuidiú le dea-éabhlóid bhitheolaíoch agusle dea-aibiú fíona.

c) Aigéadacht nádúrtha nach bhfuil leordhóthanach a leigheas, a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcúis leo:

— dálaí aeráide sa réigiún fíonsaothraithe, nó

— cleachtais fíoneolaíochta óna laghdaítear an aigéadacht nádúrtha.

*Saintreoracha*

a) Is iad na haigéid lachtacha, aigéad malach L(-) nó DL agus aigéad tartarach L(-) agus aigéad citreach an t-aon chineálacha aigéid is féidir a úsáid.

b) Níor cheart cion an aigéid chitrigh i ndiaidh an mhodha oibre seo a bheith níos mó ná an teorainn atá bunaithe in Iarscríbhinn C den *Bhailiúchán Idirnáisiúnta um Modhanna Anailíse ar Fhíon agus Úrfhíon*

c) Níor cheart na haigéid a chur isteach chun calaois a cheilt.

d) Toirmeascfar aigéid mhianracha a chur isteach;

e) Is comheisiatach ar a chéile iad aigéadú ceimiceach agus dí-aigéadú ceimiceach;

f) Ní mór do na haigéid a úsáidtear a bheith i gcomhréir le caighdeáin den *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*;

g) Ní chuirfear aigéid le húrfhíonta ach amháin ar choinníoll nach n-ardófar an cion aigéadachta tosaigh níos mó ná 54 meq/l (i.e. 4 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach).

Nuair a dhéantar úrfhíonta agus fíonta a aigéadú, níor cheart an dáileog charntha a bheith níos mó ná glanmhéadú de 54 meq/l (i.e. 4 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach).

### 3.1.1.4. **AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL LEICTREASCANNÁIN (LEICTREA-SCAGDHEALÚ SCANNÁIN DÉPHOLACH) (OENO 361/2010)**

*Sainmhíniú*

Modh fisiceach d'eastóscadh ianach san fhíon trí ghníomhaíocht réimse leictrigh agus úsáid á baint as scannáin nach bhfuil scagach ach amháin ar chaitiain de lámh amháin, agus scannáin dhépholacha den lámh eile, agus méadú san aigéadacht intoirtmheasctha agus aigéadacht iarbhír a chumasú (laghdú sa pH).

*Cuspóirí*

a) Aigéadacht intoirtmheasctha agus aigéadacht iarbhír a mhéadú (laghdú sa pH).

b) Fíonta ag a bhfuil saintréithe blais cothromaithe a fháil.

c) Dea-éabhlóid bhitheolaíoch agus stóráil cheart an fhíona a chur chun cinn.

d) Aigéadacht nádúrtha nach bhfuil leordhóthanach a leigheas, a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcúis leo:

— dálaí aeráide sa réigiún fíonsaothraithe, nó

— cleachtais fíoneolaíochta óna laghdaítear an aigéadacht nádúrtha.

*Saintreoracha*

a) Féach an bhileog ghinearálta maidir le teicnící deighilte a úsáidtear i gcóireáil fíonta agus úrfhíonta ([12]) agus an bhileog maidir le húsáid teicnící scannáin a chuirtear i bhfeidhm i gcás úrfhíonta ([13]).

b) Níor cheart an t-aigéadú trí chóireáil leictreascannánach a dhéanamh chun calaois a cheilt.

c) Déanfar scannáin chaitianach ar bhealach lena mbeidh siad in oiriúint d'eastóscadh caitian amháin agus go háirithe caitiain K+.

d) Tá na scannáin dhépholacha neamhscagach i leith ainiain agus caitiain fíona.

([12]) Féach fonóta 3.
([13]) Féach fonóta 4.

e) Ní féidir an t-aigéadú trí leictrea-scagdhealú dépholach a chur i gcrích ach amháin mura ndearnadh aigéadacht tosaigh an úrfhíona a mhéadú níos mó ná 54 meq/l.

f) Nuair a dhéantar úrfhíon agus fíon a aigéadú, ní mór nach mó an aigéadacht mhéadaithe iomlán ná 54 meq/l.

g) Is faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear an próiseas chun feidhme.

h) Comhlíonfaidh na scannáin a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.1.1.5. **AIGÉADÚ TRÍ CHÓIREÁIL CAITIANMHALARTÓRA (OENO 443-2012)**

*Sainmhíniú*

Páirt-eastóscadh fisiceach caitian ón bhfíon chun aigéadacht toirtmheasctha agus aigéadacht iarbhír a mhéadú (laghdú sa pH) trí chaitianmhalartóir

*Cuspóirí*

a) Aigéadacht toirtmheasctha a mhéadú agus aigéadacht iarbhír (laghdú ar pH).

b) Fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil dea-chothromaíocht chéadfach.

c) Saintréithe maithe bitheolaíocha agus dea-cháilíocht coinneála an fhíona a chur chun cinn.

*Saintreoracha*

a) Cuirfear an chóireáil i gcrích trí úsáid a bhaint as roisíní caitianmhalartúcháin a athghineadh sa timthriall aigéid.

b) Ní mór an chóireáil a bheith teoranta do chaitiain bharrachais a dhíothú.

c) Chun táirgeadh chodáin fíona a sheachaint, cuirfear an chóireáil i gcrích go leanúnach, agus le hionchorprú inlíne den fhíon cóireáilte isteach sa bhunfhíon.

d) De rogha air sin, d'fhéadfaí an roisín a chur go díreach isteach in umar an úrfhíona, sna cainníochtaí is gá, agus d'fhéadfaí é a dheighilt ansin trí aon mhodh teicniúil iomchuí a úsáid.

e) Ní mór an t-aigéadú a dhéanamh ar choinníoll nach méadófar an aigéadacht tosaigh níos mó ná 54 meq/l. Nuair a dhéantar úrfhíon agus fíon a aigéadú, ní ceart an méadú carnach glan a bheith níos mó ná 54 meq/l.

f) Is faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear na hoibriúcháin go léir chun feidhme.

g) Comhlíonfaidh na roisíní a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* ([14]).

### 3.1.2. **DÍ-AIGÉADÚ (6/79)**

*Sainmhíniú*

Aigéadacht intoirtmheasctha agus an aigéadacht iarbhír a laghdú (méadú sa pH).

*Cuspóir*

Fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil cothromaíocht chéadfach níos fearr

*Saintreoracha*

Is féidir an cuspóir a bhaint amach:

a) go spontáineach, cibé acu trí dheascadh an aigéid thartaraigh i bhfoirm déthartráit photaisiam [féach *Dí-aigéadú fisiceach; Saintreoracha* (b) ([15])], nó trí dhíghrádú aigéid mhalaigh (féach *Dí-aigéadú micribhitheolaíoch trí bhaictéir lachtacha* ([16])),

([14]) Leis an gcóireáil ní mór nach laghdófar leis an tiúchan caitian miotalach san fhíon níos lú ná 300 mg/l.
- Leis an gcóireáil ní mór nach n-íslítear pH an fhíona níos lú ná 3.0. Níor cheart an laghdú sa pH a bheith níos mó ná 0.3 aonad pH.

([15]) Comhad OIV 3.1.2.1. DÍ-AIGÉADÚ FISICEACH (6/79)
*Saintreoracha:*
Tarlaíonn deascadh déthartráite potaisiam agus tartráite cailciam mar a leanas:
[…] b) Mar thoradh ar fhuarú an fhíona.

([16]) Féach Comhad OIV 3.1.2.3 thíos.

b) trí chumasc a dhéanamh le fíonta nach bhfuil chomh haigéadach céanna (féach *Cumasc* ([17])),

c) trí mhodhanna oibre fisiceacha a úsáid (féach *Dí-aigéadú fisiceach*) *Saintreoir* (b) agus C*sean-Chóireáil: Cuspóir* (a), agus saintreoracha a fhreagraíonn don chuspóir seo (a) ([18])] agus/nó modhanna oibre fisiceimiceacha [féach *Cóireáil le hianmhalartóirí;* cuspóir b ([19])],

d) trí mhodhanna oibre ceimiceacha a úsáid (féach *Dí-aigéadú ceimiceach* ([20])),

e) trí mhodhanna oibre micribhitheolaíocha a úsáid (féach *Dí-aigéadú micribhitheolaíoch trí bhaictéir aigéid lachtaigh*).

### 3.1.2.1. **DÍ-AIGÉADÚ FISICEACH (6/79)**

*Sainmhíniú*

Aigéadacht intoirtmheasctha a laghdú trí mhodhanna oibre fisiceacha a úsáid.

*Cuspóir*

Chun fíonta a tháirgeadh:

a) Féach 3.1.2

b) Seasmhach maidir le deascadh déthartráite potaisiam agus tartráite cailciam iomarcaí.

*Saintreoracha*

Tarlaíonn deascadh déthartráite potaisiam agus tartráite cailciam mar a leanas:

a) Cibé acu go spontáineach le linn stóráil an fhíona ag teocht íseal, nó

b) Mar thoradh ar fhuarú an fhíona (féach Fuar-Chóireáil)

### 3.1.2.2. **DÍ-AIGÉADÚ CEIMICEACH (6/79)**

*Aicmiú*

L(+)-tartráit photaisiam áis phróiseála

Tartráit hidrigine photaisiam: áis phróiseála

Carbónáit chailciam: áis phróiseála

Carbónáit hidrigine potaisiam: áis phróiseála

([17]) Comhad OIV 3.5.3 CUMASC AGUS MEASCADH NÓ ULLMHÚ AN CUVÉE (3/85)
*Sainmhíniú*:
Oibríocht ina ndéantar fíonta éagsúla a chumasc.
*Cuspóirí*:
a) I gcás fíonta ag a bhfuil tásc geografach (mar shampla Ainmniúchán Tionscnaimh Aitheanta nó Tásc Geografach Aitheanta)
— Fíonta ag a bhfuil saintréithe cáilíochtúla barrmhaithe atá ionadaíoch do gach tásc geografach a tháirgeadh.
— b) I gcás fíonta gan tásc geografach:
— Fíonta ag a bhfuil na saintréithe anailíseacha, céadfacha agus cáilíochtúla is inmhianaithe a tháirgeadh,
— Fíonta ag a bhfuil saintréithe nua agus/nó ag a bhfuil saintréithe cothromaithe níos fearr a tháirgeadh,
— Fíonta ag a bhfuil an praghas is inmhianaithe a tháirgeadh.
*Saintreoracha*:
a) I gcás ar bith ní dhéanfar an oibríocht seo chun athrú micribhitheolaíoch nó ceimiceach ar fhíonta a cheilt.
b) Beidh comhdhéanamh an fhíona i ndiaidh na hoibríochta seo i gcomhréir le sainmhínithe an Chóid atá ann anois agus le ceanglais Iarscríbhinn C an *Choimre Idirnáisiúnta um Modhanna Anailíse Fíonta agus Úrfhíonta*.

([18]) Féach Comhad OIV 3.3.4 thíos.

([19]) Comhad OIV 3.1.1.3. CÓIREÁIL LE hIANMHALARTÓIRÍ (6/76)
*Cuspóirí*:
[…]b) Cóireáil le hianmhalartóirí:
1. An aigéadacht intoirtmheasctha a laghdú,
2. Chun suilfít a bhaint ó fhíonta,
3. Chun an cion sulfáite a laghdú.

([20]) Féach Comhad OIV 3.1.2.2 thíos.

*Sainmhíniú*

An aigéadacht agus an aigéadacht iarbhír a laghdú (an pH a mhéadú) trí thartráit photaisiam neodrach, carbonáit hidrigine photaisiam nó carbónáit chailciam ina bhféadfaí cainníochtaí beaga de shalann cailciam dúbailte d'aigéad tartarach L(+) agus aigéad malach L(-) a chur isteach.

*Cuspóirí*

a) Táirgeadh fíonta ag a bhfuil cothromaíocht chéadfach níos fearr.

b) Cuidiú le dí-aigéadú bitheolaíoch.

*Saintreoracha*

a) Beidh ar a laghad 1 g/l d'aigéad tartarach san fhíon a tháirgtear ó fhíon dí-aigéadaithe.

b) Is é is aidhm don phróiseas maidir le foirmiú an tsalainn dhúbailte (salann cailciam neodrach d'aigéid thartaracha agus mhalacha) laghdú níos mó a dhéanamh in aigéadacht intoirtmheasctha, nuair atá cion aigéid mhalaigh ag an bhfíon agus nuair nach leordhóthanach é deascadh an aigéid thartaraigh ina aonar.

c) Ba cheart an dí-aigéadú ceimiceach a dhéanamh ar bhealach nach mbíonn na fíonta a fhaightear dá bharr gann ar aigéadacht, agus coipeadh malalachtach a d'fhéadfadh tarlú ina dhiaidh sin á chur san áireamh.

d) Ní bheidh sé ina aidhm ag an dí-aigéadú ceimiceach calaois a cheilt.

e) Is féidir díothú dé-ocsáide carbóin barrachais a bhaint amach, más gá, trí shruthlú le nítrigin.

f) Is comheisiatach ar a chéile iad aigéadú ceimiceach agus dí-aigéadú ceimiceach.

g) Comhlíonfaidh na táirgí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.1.2.3. **DÍ-AIGÉADÚ MICRIBHITHEOLAÍOCH TRÍ BHAICTÉIR AIGÉID LACHTAIGH (4/80)**

*Sainmhíniú*

Aigéadacht intoirtmheasctha agus an aigéadacht iarbhír a laghdú (méadú sa pH) trí choipeadh malalachtach.

*Cuspóir*

Chun fíonta a tháirgeadh:

a) Féach 3.1.2

b) Níos seasmhaí ó thaobh na bitheolaíochta de.

*Saintreoracha*

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is féidir an dí-aigéadú micribhitheolaíoch le baictéir aigéid lachtaigh a dhéanamh ar bhealach spontáineach nó trí thréithchineálacha roghnaithe a ionaclú.

a) Ba cheart an cion dé-ocsaíde sulfair a bheith teoranta, ós rud é go bhfuil baictéir aigéid lachtaigh fíor-íogair do láithreacht na comhdhúile sin.

b) Tá sé inmhianaithe go dtarlóidh an coipeadh malalachtach ag críoch an choipthe alcólaigh, chun díghrádú baictéarach siúcraí a sheachaint.

c) Ba cheart an fíon ina bhfuil an coipeadh malalachtach le tarlú a choinneáil ag teocht thart ar 18°C.

d) I gcás ina n-úsáidtear saothráin roghnaithe ó bhaictéir aigéid lachtaigh, comhlíonfaidh siad saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.1.2.4. **DÍ-AIGÉADÚ AGUS PRÓISEAS LEICTREA-SCANNÁIN A ÚSÁID (OENO 484-2012)**

*Sainmhíniú*

Modh fisiceach d'eastóscadh ianach ón úrfhíon trí ghníomhaíocht réimse leictrigh agus úsáid á baint as scannáin scagacha le hainiain de pháirt amháin agus scannáin dhépholacha den pháirt eile. Baintear úsáid as an teaglaim de na scannáin scagacha le hainiain agus scannáin dhépholacha chun laghdú san aigéadacht intoirtmheasctha agus san aigéadacht iarbhír a bhainistiú (méadú sa pH).

*Cuspóirí*

a) Ró-aigéadacht nádúrtha atá mar thoradh ar dhálaí aeráide sa réigiún fíona a cheartú trí aigéadacht intoirtmheasctha agus aigéadacht iarbhír a laghdú (méadú sa pH).

b) Fíonta cothromaithe i dtéarmaí blais a fhorbairt.

*Saintreoracha*

a) Déan tagairt don chomhad ginearálta maidir le teicnící deighilte a úsáidtear i bpróiseáil úrfhíonta agus fíonta ([21]) agus don chomhad maidir le teicnící scannáin a chur i bhfeidhm ar fhíonta ([22]).

b) Níor cheart é a bheith de rún ag dí-aigéadú agus úsáid á baint as próiseas leictrea-scannáin fabht a cheilt.

c) Ní mór do na scannáin ainianacha a bheith eagraithe ar bhealach nach gceadaíonn siad ach amháin d'eastóscadh ainian agus go háirithe aigéid orgánacha den fhíon.

d) Tá na scannáin dhépholacha neamhscagach ar ainiain agus caitiain san fhíon.

e) Ba cheart 1g/l d'aigéad tartarach ar a laghad a bheith san fhíon dí-aigéadaithe.

f) Is comheisiatach ar a chéile iad dí-aigéadú trí phróiseas scannáin agus aigéadú.

g) Beidh fíoneolaí nó teicneoir cáilithe freagrach as an bpróiseas a chur chun feidhme.

h) Ní mór do na scannáin a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an '*Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*'.

### 3.2.1. **GLÉGHLANADH (OENO 7/99), (OENO 6/04), (OENO 9/04) (OIV-OENO 339A-2009), (OIV-OENO 339B-2009, OENO 417-2011)**

*Aicmiú*

Aigéad ailgineach: áis phróiseála

Citin-ghlúcan: áis phróiseála

Ciotósán: áis phróiseála

Iascghlae: áis phróiseála

Caoilín: áis phróiseála

Geilitín: áis phróiseála

([21]) Féach fonóta 3.

([22]) Comhad OIV 3.0.1 CUR I bhFEIDHM TEICNÍCÍ SCANNÁIN (OENO 373B/2010)

*Sainmhíniú:*

Cóireáil fíona trí theicnící scannáin a úsáid le go mbeifí in ann roinnt comhdhúile san fhíon a choinneáil siar nó a ligean tríd go roghnaíoch.

*Cuspóirí:*

a) Fíonta níos cothromaithe i dtéarmaí saintréithe orgánaileipteacha a ullmhú,
b) Éifeachtaí síne agus athrú aeráide a chúiteamh, agus saincheisteanna orgánaileipteacha áirithe a réiteach
c) Leathnú a dhéanamh ar na teicnící atá ar fáil chun táirgí a fhorbairt atá níos oiriúnaithe d'ionchais tomhaltóirí.

*Saintreoracha:*

a) Féach an bhileog ghinearálta maidir le cóireálacha úrfhíonta agus fíonta le teicnící deighilte a úsáidtear i gcóireáil fíonta agus úrfhíonta
b) Is féidir na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach trí na teicnící seo a chur i bhfeidhm, mar shampla, maidir le:
    1. cobhsú tartarach
    2. díhiodráitiú páirteach
    3. dí-alcólú páirteach fíona,
    4. aigéadacht nó pH a choigeartú,
    5. tiúchan aigéad orgánach ar leith a laghdú
    6. laghdú in aigéadacht sho-ghalaithe na bhfíonta atá cáilithe le bheith curtha ar an margadh.
    7. Gás tuaslagtha a bhainistiú
c) Tá cineálacha difriúla teicnící scannáin ann, leo féin nó i dteannta a chéile, ag brath ar na cuspóirí atá le baint amach lena n-áirítear:
    1. micreascagachán,
    2. ultrascagachán,
    3. nanascagachán,
    4. teagmhálaí scannáin
    5. cúlosmóis,
    6. próisis leictreascannáin,
    7. teicnící scannáin eile.
d) Ní cheadaítear úsáid teicnící scannáin chun a mhalairt de thréithe a fháil
e) Ní mór d'fhíoneolaí nó teicneoir cáilithe an cleachtas seo a chur i gcrích.
f) Beidh na scannáin agus na hábhair, i dteannta leis na teicnící a úsáidtear i modhanna oibre comhlántacha, comhsheasmhach le forálacha an *Chód Idirnáisiúnta Cleachtas Fíoneolaíochta* agus den *Codex Fíoneolaíochta Idirnáisiúnta*.

(Albaimin) uibhe áis phróiseála

Tuaslagán collóideach dé-ocsaíde sileacain: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Gléghlanadh fíona trí shubstaintí lena ndeasctar cáithníní ar crochadh a chur isteach:

— cibé acu trí dhríodrúchán nádúrtha na substaintí sin a chur chun cinn, nó

— trí théachtadh thart ar na cáithníní atá le díothú agus trí na cáithníní sin a leachtiompar i ndríodair.

*Cuspóirí*

a) Gléghlanadh spontáineach a chríochnú tráth nach bhfuil sé sásúil.

b) Fíonta dearga a dhéanamh níos boige trí chuid de na tainníní agus polaifeanóil a bhaint.

c) Fíonta le fadhbanna smúiteáin a ghléghlanadh, moirt atá suaite, ábhar dothuaslagtha daite, etc.

*Saintreoracha*

a) Maidir le hoibreáin ghléghlanta a chuireann dríodrúchán cáithníní amháin chun cinn, déan tagairt do Chóireáil le beintinítí ([23]).

b) Maidir leis na hoibreáin ghléghlanta téachtacha, níl ach na táirgí seo a leanas inghlactha: geilitín, albaimín agus gealacán uibhe, iascghlae, bainne sceithe, cáiséin, ailgionáití, tuaslagán collóideach dé-ocsaíde sileacain, caoilín, cáiséanáit photaisiam, próitéiní de bhunadh plandaí, ciotósán, citin-glúcan, eastóscáin próitéine giosta.

c) Comhlíonfaidh na substaintí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.2.2. **SCAGACHÁN (2/89)**

*Aicmiú*

Déatóimít: áis phróiseála

Péirlít: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Próiseas fisiceach lena gcuirtear an fíon trí scagairí iomchuí lena gcoinnítear cáithníní i bhfuaidreán.

*Cuspóirí*

a) An fíon a ghléghlanadh, más gá, trí céimeanna comhleanúnacha (scagachán gléghlanta).

b) Seasmhacht bhitheolaíoch an fhíona a bhaint amach trí mhiocrorgánaigh a dhíothú (scagachán steirilithe).

*Saintreoracha*

Is féidir an scagachán a dhéanamh:

a) trí dheascadh leanúnach, agus breiseáin iomchuí a úsáid amhail cré dhiatómúil, péirlít, ceallalós…,

b) ar phillíní ceallalóis nó ábhair eile iomchuí,

c) ar scannáin orgánacha nó mhianracha de phóiriúlacht nach lú ná 0.2 µm (micreascagachán).

Comhlíonfaidh na táirgí scagaire a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

#### 3.2.2.1. **SCAGACHÁN TRÍ DHEASCADH LEANÚNACH (1/90)**

*Sainmhíniú*

Scagachán an fhíona, i ndiaidh foirmiú leaba scagacháin, a líontar go seasta ansin trí ábhar scagaire a chur isteach go leanúnach san fhíon atá le gléghlanadh.

([23]) Níl feidhm ag an sainmhíniú seo ach amháin maidir le fíonta *stricto sensu* mar a shainmhínítear i gCuid I, caibidil 3 de *Chód OIVE um Chleachtais Fíoneolaíochta*.

*Cuspóir*

Leibhéal oiriúnach gléghlanta a bhaint amach, go céim theicneolaíoch ar leith, trí shubstaintí i bhfuaidreán san fhíon a dhíothú.

*Saintreoracha*

a) Déantar an cineál ábhair scagaire (amhail cré dhiatómúil, péirlít, ceallalós) agus an dáileog atá riachtanach a chinneadh de réir mhoirtiúlacht an fhíona agus an gléghlanadh atá le baint amach.

b) Comhlíonfaidh na hábhair scagaire a úsáidfear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.2.3. **TRASDOIRTEADH (16/70), (OENO 6/02)**

*Aicmiú*

Nítrigin: áis phróiseála

Argón: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Oibríocht lena n-aistrítear fíon ó choimeádán fíona amháin go ceann eile trí dheighilt deascán soladach ón leacht a cheadú.

*Cuspóirí*

a) Fíon a dheighilt ón moirt, agus/nó na deascáin a eascraíonn as na hoibreáin ghléghlanta a bheith curtha isteach, iad deasctha ag bun an choimeádáin.

b) An fíon a dheighilt ó mhiocrorgánaigh ag críoch an choipthe alcólaigh agus/nó mhalalachtaigh, nó ón ndríodar giosta nó baictéarach.

c) Feidhmiú oibríochtaí fíonóireachta uile, cóireáil agus iompar fíonta a chumasú.

d) Cobhsú tartrach a chumasú trí fhuarú agus deighilt criostal tartráite (déthartráit photaisiam agus tartráit chailciam).

*Saintreoracha*

Is féidir le trasdoirteadh tarlú:

a) in éagmais aeir chun ocsaídiú a sheachaint,

b) nó trí aerú chun suilfíd hidrigine a dhíothú nó chun dé-ocsaíd charbóin a laghdú nó chun ocsaídiú rialaithe a chruthú,

c) nó ag teocht an tseomra, nó tar éis fuarú chun caillteanas gáis charbónaigh féideartha a sheachaint,

d) le húsáid dhlí na soithí idirnasctha, bíodh sé le caidéil nó le lámhchoimeádáin

e) i gcás trasdoirte in éagmais aeir, ní mór an coimeádán atá le líonadh a dhéanamh támh le dé-ocsaíd charbóin, le nítrigin, nó le hargón. Ní mór do na gáis sin saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.2.4. **CÓIREÁIL LE DÉ-OCSAÍD SILEACAIN (1/91)**

*Aicmiú*

Tuaslagán collóideach dé-ocsaíde sileacain: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Tuaslagán collóideach (glóthach) de dhé-ocsaíd sileacain a chur leis an bhfíon in éineacht le tuaslagán geilitín nó, b'fhéidir le hábhair ghléghlanta phróitéineacha eile.

*Cuspóir*

Flocasú an geilitín, agus b'fhéidir ábhair ghléghlanta phróitéineacha eile, a bhaint amach d'fhonn gléghlanadh a dhéanamh.

*Saintreoracha*

a) Cuirtear an táirge le fíonta geala óga agus rosé agus uaireanta le fíonta dearga.

b) Is gá réamhthástálacha a dhéanamh chun na dáileoga is optamaí de na tuaslagáin chollóideacha dé-ocsaíde sileacain agus de gheilitín a chinneadh, nó b'fhéidir, d'ábhair ghléghlanta phróitéineacha eile.

c) Comhlíonfaidh na táirgí saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.2.6. **TAINNIN A CHUR ISTEACH (16/70, OENO 613-2019)**

*Sainmhíniú*

Tainniní a chur le fíon.

*Cuspóirí*

a) Cobhsú fíonta a éascú trí pháirt-deascadh d'ábhar próitéineach iomarcach;

b) míniú fíonta a éascú i gcomhar le hoibreáin de chineál próitéine a dhéanann míniú, agus rómhíniú a chosc;

c) rannchuidiú le cosaint frithocsaídeora agus fhrithocsaíodáiseach ar chomhdhúile an fhíona;

d) léiriú, cobhsú agus caomhnú dathanna a chur chun cinn i bhfíonta dearga.

*Saintreoir*

Ní mór do na tainniní a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.2.7. **MÍNIÚ TRÍ PHRÓITÉINÍ DE BHUNADH PLANDAÍ A ÚSÁID (OENO 8/04)**

*Aicmiú*

Próitéin de bhunadh plandaí ó chruithneacht: áis phróiseála

Próitéin de bhunadh plandaí ó phiseanna: áis phróiseála

Próitéin de bhunadh plandaí ó phrátaí: áis phróiseála

*Cuspóirí*

Ábhar próitéine de bhunadh plandaí a úsáid do mhíniú fíonta d'fhonn feabhas a chur ar a n-airíonna gléghlanta, cobhsaíochta blastachta.

*Saintreoracha*

1. Is tar éis réamhthástáil thrialach a dhéantar cinneadh faoi na dáileoga atá le húsáid. Ba cheart an uasdáileog úsáide a bheith níos lú ná 50 g/hl. I ndiaidh trasdoirte, déantar anailís ar na fíonta (moirtiúlacht, dath, ionsúiteacht ag 280 nm) agus déantar iad a bhlaiseadh. Comhfhreagraíonn an dáileog a choimeádtar don sampla a dhéanann an fíon a ghléghlanadh gan bharraíocht agus a thugann toradh níos fearr ó thaobh blais de.
2. Is féidir próitéiní de bhunadh plandaí a úsáid in éineacht le táirgí eile atá ceadaithe amhail tainniní, beintinít, glóthach shilice.
3. Ní mór do phróitéiní de bhunadh plandaí saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*. a chomhlíonadh.

### 3.2.8. **ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN FEABHAS A CHUR AR INSCAGTHACHT FÍONTA A (OENO 15/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021)**

*Aicmiú*

Araibionáisí: áis phróiseála

Ceallaláisí: áis phróiseála

Liáisí peictine áis phróiseála

Meitileistearáis peictine: áis phróiseála

Polagalachtúronáisí: áis phróiseála

Heimicheallaláisí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóidí einsímeacha a chur le fíon ina bhfuil gníomhaíochtaí a chatalaíonn díghrádú ar mhacramóilíní calcthafíonchaor a chuaigh isteach san úrfhíon agus san fhíon le linn an phróisis fíonóireachta, chomh maith le macramóilíní de bhunadh baictéarach nó fungasach a chalcadh.

Áirítear go sonrach i na ngníomhaíochtaí einsíme a bhaineann le hinscagthacht fíonta a fheabhsú araibionáisí, ramnagalachtúrónáisí, heimicheallaláisí, agus ar bhonn níos lú polagalachtúronáisí, liáisí peictin peictinmeitileistearáisí chomh maith le β-ghlúcanáisí má thagann na fíonta ó fhíonchaora botraíteasaithe nó má tá cion glúcáin ard acu ó chillbhallaí giostaí

*Cuspóir*

Inscagthacht fíonta a fheabhsú trí hidrealú sonrach collóideach.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.2.9. ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN COMHDHÚILE BLAISITHE Ó RÉAMHTHEACHTAITHE GLICEAISILEÁITITHE A SCAOILEADH (OENO 17/04, OENO 498-2013)

*Aicmiú*

Gliocóisídeáisí: áis phróiseála

Glúcóisídeáisí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóidí einsímeacha a chur leis an bhfíon a bhfuil gníomhaíochtaí iontu a chatalaíonn hidrealú den chuid siúicríde de na substaintí aramatacha gliocóisileáitithe (réamhtheachtaithe blais) de na fíonchaora a chuaigh isteach san úrfhíon agus san fhíon le linn an phróisis fíonóireachta.

Is iad gliocóisídeáisí agus glúcóisídeáisí na gníomhaíochtaí einsíme a bhaineann le substaintí blaistithe a scaoileadh.

*Cuspóir*

Acmhainneacht aramatach an fhíona a fheabhsú.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.2.10. ÚSÁID EINSÍMÍ CHUN INTUASLAGÚ CHOMHDHÚILE GIOSTA A FHEABHSÚ (OENO 18/04)

*Aicmiú*

Béite-ghlúcanáisí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Moirt d'ullmhóidí einsímeacha a chur leis an bhfíon le linn fíonóireachta, go háirithe le gníomhaíochtaí β-ghlúcanáise a chatalaíonn díghrádú cillbhallaí giosta.

*Cuspóirí*

a) Scaoileadh comhábhar intuaslagtha i ngiosta isteach san fhíon a éascú.

b) Seasmhacht chollóideach fíonta a fheabhsú.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.2.11. ÚSÁID EINSÍMÍ LE hAGHAIDH GHLÉGHLANADH FÍONTA (OENO 12/04, OENO 498-2013, OENO 682-2021)

*Aicmiú*

Araibionáisí: áis phróiseála

Ceallaláisí: áis phróiseála

Liáisí peictine áis phróiseála

Meitileistearáis peictine: áis phróiseála

Polagalachtúronáisí: áis phróiseála

Heimicheallaláisí: áis phróiseála

β-ghlúcanáisí: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóidí einsímeacha a chur le fíon ina bhfuil gníomhaíochtaí a chatalaíonn díghrádú ar mhacramóilíní na bhfíonchaor a chuaigh isteach san úrfhíon agus san fhíon, chomh maith le macramóilíní de bhunadh baictéarach nó fungasach.

Áirítear go sonrach i measc na ngníomhaíochtaí einsíme a bhaineann le gléghlanadh fíonta polagalachtúronáisí, liáisí peictin, peictinmeitileistearáisí, agus ar bhonn níos lú araibionáisí, ramnagalachtúrónáisí, ceallaláisí agus heimicheallaláisí chomh maith le β-ghlúcanáisí más ó fhíonchaora botraíteasaithe a thagann na fíonta

*Cuspóir*

Gléghlanadh fíonta a éascú.

*Saintreoir*

Ní mór do na heinsímí a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.2.12. **GLÉGHLANADH AGUS CIOTÓSÁN A ÚSÁID (OIV-OENO 337A-2009)**

*Aicmiú*

Ciotósán: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ciotósán de bhunadh fungasach a chur isteach chun críche fíonta a ghléghlanadh

*Cuspóirí*

a) Moirtiúlacht a laghdú trí cháithníní atá ar crochadh a dheascadh.

b) Cóireáil a dhéanamh chun smúiteán próitéine a chosc trí pháirt-deascadh d'ábhar próitéineach iomarcach.

*Saintreoracha*

a) Is tar éis réamhthástála a dhéantar cinneadh faoi na dáileoga atá le húsáid. Is gá nach mbeidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná 100 g/hl.

b) Déantar dríodair a dhíothú trí mhodhanna oibre fisiceacha.

c) Is féidir ciotósán de bhunadh fungasach a úsáid ina aonar nó le táirgí ceadaithe eile.

d) Ní mór do chiotósán ceanglais an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.2.13. **GLÉGHLANADH AGUS CITIN-GLÚCAN A ÚSÁID (OIV-OENO 337B-2009)**

*Sainmhíniú*

Citin-Glúcan de bhunadh fungasach a chur isteach chun críche fíonta a ghléghlanadh

*Cuspóirí*

a) Moirtiúlacht a laghdú trí cháithníní atá ar crochadh a dheascadh

b) Cóireáil a dhéanamh chun smúiteán próitéine a chosc trí pháirt-deascadh d'ábhar próitéineach iomarcach.

*Saintreoracha*

a) Is tar éis réamhthástála a dhéantar cinneadh faoi na dáileoga atá le húsáid. Is gá nach mbeidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná 100 g/hl.

b) Déantar dríodair a dhíothú trí mhodhanna oibre fisiceacha.

c) Is féidir Citin-glúcan: de bhunadh fungasach a úsáid ina aonar nó le táirgí ceadaithe eile.

d) Ní mór do Chitin-glúcan ceanglais an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.2.14. **GLÉGHLANADH AGUS EASTÓSCÁIN PHRÓTÉINE GIOSTA A ÚSÁÍD (OENO 417-2011)**

*Aicmiú*

Eastóscáin próitéine giosta: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Eastóscáin phróitéine giosta a chur isteach chun fíonta a ghléghlanadh

*Cuspóirí*

a) Moirtiúlacht fíonta a laghdú trí cháithníní atá ar crochadh a dheascadh.

b) Saintréithe crómatacha fíonta a chaomhnú.

c) Tainnin iomarcach a dhíothú.

d) Inscagthacht fíona a fheabhsú.

*Saintreoracha*

a) Cinntear na dáileoga atá le húsáid roimh ré trí thrialacha saotharlainne (pointe gléghlanta).

b) Cinntear an uasdáileog trí thástáil éifeachtúlachta sa tsaotharlann, agus níor cheart í a bheith níos mó ná 60 g/hl i gcás fíon dearg agus 30 g/hl i gcás fíon geal agus fíon rosé.

c) Is féidir na heastóscáin próitéine giosta a úsáid ina n-aonar nó i dtaca le táirgí gléghlanta údaraithe eile.

d) Díothaítear na deascáin ón míniú ó na fíonta trí phróisis fisiceacha.

e) Ní mór do na heastóscáin phróitéine giosta saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.2.15. **SCAGPHLÁTAÍ INA bhFUIL SEOILÍTÍ DE CHINEÁL Y-FÓSAISÍTE A ÚSÁÍD CHUN HALANASÓIL A ASÚ (OENO 444-2016)**

*Sainmhíniú*

Cóireáil le scagphláta ina gcuirtear seoilítí de chineál y-fósaisíte i bhfeidhm le linn scagacháin.

*Cuspóirí*

a) Tiúchan halanasól atá freagrach as blas lofa i bhfíonta a laghdú, faoi bhun a dtairsí céadfaí um braistintí.

*Saintreoracha*

a) ba cheart an chóireáil a chur i gcrích ar fhíonta gléghlanta;

b) ba cheart na scagphlátaí a ghlanadh agus a dhífhabhtú roimh scagachán;

c) ba cheart do chur i bhfeidhm na Y-seoilítí de chineál fósaisíte saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.3.1. **IARANN A BHAINT (16/70)**

*Aicmiú*

Heicsicianaifearáit photaisiam (II): áis phróiseála

Fíotáit chailciam: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Cóireáil a cheaptar chun iarann iomarcach i bhfíon a dhíothú.

*Cuspóir*

Smúiteáin iarainn a chosc.

*Saintreoir*

Úsáidtear ceann de na cóireálacha seo le hocsaiginiú comhcheangailte nó gan é.

Breisiú agus gléghlanadh tainniní,

Fíotáit chailciam a chur isteach,

Fearóiciainíd photaisiam a úsáid,

Carbón a bhaineann iarainn a úsáid (nach nglactar leis),

Aigéad citreach a úsáid.

### 3.3.3. **COBHSÚ TARTRÁITE TRÍ CHÓIREÁIL LE CAITIANMHALARTÓIRÍ (OENO 1/93, OENO 447-2011)**

*Sainmhíniú*

Oibríocht lena gcuirtear an fíon trí cholún de roisín polaiméirithe a imoibríonn mar pholai-leictrilít dhothuaslagtha ar féidir a chaitiain a mhalartú le caitiain sa mheán mórthimpeall.

*Cuspóir*

Fíon atá cobhsaí ó thaobh tartráite de a fháil:

— maidir le tartráit hidrigine photaisiam,

— maidir le tartráit chailciam (agus salainn cailciam eile).

*Saintreoracha*

a) Ní mór an chóireáil a bheith teoranta do chaitiain bharrachais a dhíothú.

— Is féidir an fíon a fhuarchóireáil i dtosach.

— Ní dhéanfar ach an codán íosta fíona is gá chun cobhsaíocht a bhaint amach a chóireáil le caitianmhalartóirí.

b) Cuirfear an chóireáil i gcrích trí úsáid a bhaint as roisíní caitianmhalartúcháin a athghineadh sa timthriall aigéid.

c) Ní mór an próiseas foriomlán a chur faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe.

d) Comhlíonfaidh na roisíní a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* agus ní bheidh siad ina gcúis le modhnuithe iomarcacha i gcomhdhéanamh fisiceimiceach agus saintréithe céadfacha an fhíona.

### 3.3.4. **CÓIREÁIL COBHSAITHE FHUAIR (5/88), (OENO 2/04)**

*Sainmhíniú*

Oibríocht ina ndéantar an fíon a fhuarú.

*Cuspóirí*

a) Criostalú agus deascadh tartráití potaisiam agus cailciam a chur chun cinn, deascadh na gcollóideach agus cobhsaíocht an fhíona a fheabhsú.

*Saintreoracha*

Maidir le cuspóir (a), déantar an chóireáil trí chuisniúchán meicniúil nó foinsí fuara nádúrtha, agus criostail déthartráite potaisiam á gcur leis nó dá n-uireasa, agus ina dhiaidh sin trí na teicnící fisiceacha de na criostail agus na collóidigh deasctha a dheighilt.

### 3.3.5. **CÓIREÁIL LE BEINTINÍTÍ (16/70)**

*Aicmiú*

Beintinítí: áis phróiseála

Beintinítí a chur leis an bhfíon.

*Cuspóir*

Smúiteáin phróitéine agus chopair a chosc.

*Saintreoir*

Comhlíonfaidh na substaintí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.6. **CÓIREÁIL LE GUMA ARABACH (AG 12/72-OEN, OIV-OENO 689-2022)**

*Aicmiú*

Guma Arabach: breiseán

*Sainmhíniú*

Guma Arabach a chur le fíon.

*Cuspóirí*

a) Smúiteán copair a sheachaint.

b) An fíon a chosaint in aghaidh smúiteán éadrom iarainn.

c) Deascadh substaintí amhail líocha, a bhíonn i staid chollóideach san fhíon, a chosc.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart an táirge a chur leis an bhfíon i ndiaidh an scagacháin dheireanaigh, nó díreach roimh bhuidéalú.

b) Ní bheidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná 0.8 g/L i gcás fíonta licéir dearga agus 0.3 g/l i gcás fíonta eile.

c) Comhlíonfaidh an guma arabach a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.7. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD MEITEATARTARACH (16/70)**

*Aicmiú*

Aigéad meiteathartarach: breiseán

*Sainmhíniú*

Aigéad meiteatartarach a chur leis an bhfíon.

*Cuspóir*

Deascadh tartráite hidrigine potaisiam agus tartráite cailciam a chosc.

*Saintreoracha*

a) Níor cheart an t-aigéad meiteatartarach a chur isteach ach ag an nóiméad deireanach, roimh bhuidéalú.

b) Níor cheart an dáileog a úsáidtear a bheith níos mó ná 10 g/hl.

c) Braitheann fad na cosanta ar theocht stórála an fhíona, mar go ndéanann an t-aigéad i gceist hidrealú go mall san fhuacht, ach go gasta faoi dhálaí teo.

d) Comhlíonfaidh an t-aigéad meiteatartarach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.8. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD CITREACH (16/70)**

*Aicmiú*

Aigéad citreach, monaihiodráit: breiseán

*Sainmhíniú*

Aigéad citreach a chur le fíon.

*Cuspóir*

Iain feireacha a cheangal in ainian casta intuaslagtha agus mar sin an claonadh chun smúiteáin iarainn a chruthú a laghdú.

*Saintreoracha*

a) Is é cion uasta aigéid chitrigh an fhíona a bheidh ann ag an bpointe tomhaltais 1 g/l.

b) Comhlíonfaidh an t-aigéad citreach a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.10. **CÓIREÁIL LE POTAISIAM FEARÓICIAINÍDE (OENO 16/70)**

*Aicmiú*

fearóiciainíd photaisiam: Áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Fearóiciainíd photaisiam a chur leis an bhfíon.

*Cuspóir*

Chun cion an fhíona a laghdú maidir leis na nithe seo a leanas:

— iarann chun smúiteáin iarainn a sheachaint,

— copar chun smúiteán copair a sheachaint,

— agus maidir le trom-mhiotail ar bhonn níos ginearálta.

*Saintreoracha*

a) Is le teicneoir freagrach cáilithe amháin is féidir an modh oibre seo a fhorghníomhú.

b) Ní mór trialacha a dhéanamh roimh an bpríomhoibríocht chun an méid táirge atá le cur leis a chinneadh.

c) Ba cheart an scrúdú ar an bhfíon cóireáilte a dhéanamh i ndiaidh na príomhoibríochta, chun an easpa maidir leis an iomarca fearóiciainíde nó a díorthaigh a chinneadh.

d) comhlíonfaidh an fhearóiciainíd photaisiam a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.12. **CÓIREÁÍL LE TARTRÁIT CHAILCIAM (OENO 8/97)**

*Aicmiú*

Tartráit chailciam: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Tartráit chailciam a chur leis an bhfíon.

*Cuspóir*

Rannchuidiú leis an gcobhsú tartarach fíona tríd an gcion tartráite hidrigine potaisiam agus tartráite cailciam a laghdú.

*Saintreoracha*

a) Is gá nach mbeidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná 200 g/hl.

b) Déantar an chóireáil trí thartráit chailciam a chur isteach, trí shuaitheadh agus fuarú saorga an fhíona agus ina dhiaidh sin trí dheighilt le criostail a chruthaítear trí mhodhanna fisiceacha.

c) Ní mór don tartráit chailciam a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.13. **CÓIREÁIL FÍONTA LE MANNAPRÓITÉINÍ GIOSTA (OENO 4/01; 15/05)**

*Aicmiú*

Mannapróitéiní giosta: breiseán

*Sainmhíniú*

Cóireáil fíonta le mannapróitéiní ó dhíghrádú balla giosta.

*Cuspóir*

Cobhsaíocht fíonta amháin a fheabhsú i dtaca le salainn thartaracha agus/nó próitéiní i gcás fíonta geala nó rosé

*Saintreoracha*

a) Is é an duine atá i bhfeighil na cóireála a dhéanfaidh cinneadh faoi na dáileoga ba cheart a úsáid;

b) Maidir le fíonta dearga óga agus geala ba cheart don duine atá i bhfeighil na cóireála breithniú a dhéanamh i taobh réamh-chóireála agus úsáid á baint as cillbhallaí giostaí mura bhfuil na mannapróitéiní ina n-aonar in ann an éifeachtúlacht inmhianaithe a bhaint amach;

c) Ní mór do na mannapróitéiní forálacha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.3.14. **CÓIREÁIL LE GUMAÍ CEALLALÓIS (CEALLALÓS CARBOCSAIMEITILE) (OENO 2/08, OENO 586-2019, OENO 659-2020)**

*Aicmiú*

Ceallalós carbocsaimeitile sóidiam: breiseán

*Sainmhíniú*

Gumaí ceallalóis a chur i bhfíonta geala, rosé agus súilíneacha.

*Cuspóir*

Rannchuidiú leis an gcobhsú tartarach ar fhíon geal agus fíon súilíneach.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart an dáileog cheallalóis carbocsaimeitile atá le húsáid a bheith níos lú ná 200 mg/l.

b) Maidir le ceisteanna i dtaca le hionchorprú, is fearr táirgí i bhfoirm ghránaithe a úsáid nó táirgí nach bhfuil chomh slaodach sin.

c) D'fhéadfadh ceallalós carbocsaimeitile a bheith ina chúis le héagobhsaíocht i láthair próitéiní agus polaifeanól.

d) Ní mór na gumaí ceallalóis a úsáid i gcomhréir le forálacha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.15. **CÓIREÁIL LE POLASPARTÁIT PHOTAISIAM (OENO 543/2016)**

*Aicmiú*

Breiseán

*Sainmhíniú*

Polaspartáit photaisiam a chur le fíonta

*Cuspóir*

Rannchuidiú le cobhsú tartarach na bhfíonta

*Saintreoir*

a) Ní mór nach mó ná 10 g/hL dáileog optamach na polaspartáite potaisiam a úsáidfear chun fíonta a chobhsú agus a úsáidfear i bhfíonta a bhfuil méid ard éagobhsaíochta tartaraí acu. Ag dáileoga níos airde, ní thiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht cobhsúcháin na polaspartáite potaisiam agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfaí moirtiúlacht an fhíona a mhéadú;

b) I gcás fíonta dearga a bhfuil éagobhsaíocht ard chollóideach acu, moltar iad a chóireáil roimh ré le beintinít.

c) Ní mór úsáid na polaspartáite potaisiam a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.3.16. **ÚSÁID ASPEIRGILIPEIPSIN I CHUN PRÓITÉINÍ GINTE SMÚITEÁN A DHÍOTHÚ (OENO 541B/2021)**

*Sainmhíniú*

Aspeirgileoipeipsin I a chur le fíon ó *Aspeirgileas* spp. chun próitéiní ginte smúiteáin a dhíothú.

*Cuspóir*

Próitéin smúiteán i bhfíonta geala socra agus fíonta rosé agus fíonta súilíneacha a chosc.

*Saintreoracha*

a) I ndiaidh na hullmhóide Aspeirgileoipeipsin I a chur isteach, ní mór téamh gearrthéarmach úrfhíona amháin a chur i bhfeidhm mar go gcuireann sé le dífhilleadh próitéiní a dhéanann smúiteán, agus toisc go ndéanann sé díghrádú einsímeach na bpróitéiní sin trí phróitéáisí a éascú, chomh maith le dínádúrúchán na próitéáise í féin a dhéanamh mar thoradh air sin.

Ní mór na nithe seo a chur san áireamh leis an gcóireáil teasa aonair:

— gníomhaíocht chóireáil Aspeirgileoipeipsin I a mhéid a bhaineann le teocht

— an chainníocht Aspeirgileoipeipsin I a úsáidtear

— ba cheart an teocht is lú cóireála a bheith cothrom le teocht dínádúrcháin na bpróitéiní nó níos mó ná sin, is é sin go ginearálta idir 60 agus 75°C.

— an t-aga teasa, a bhíonn thart ar 1 nóiméad go ginearálta. D'fhéadfaí go mbeadh aga teasa iomarcach ina chúis le tionchar diúltach orgánaileipteach.

Tá caillteanas cumraíochta tríthoisí TLP (Próitéiní amhail Támaitin) inchúlaithe, mar sin ní mór don téamh a bheith comhuaineach le cur leis na n-einsímí chun éifeachtúlacht optamach a áirithiú.

b) Fuaraítear an fíon láithreach go teocht iomchuí.

c) Ní mór scagachán a dhéanamh chun fáil réidh leis na próitéiní iarmharacha (lena n-áirítear próitéáisí breise agus próitéiní eile).

d) Ní mór do na heinsímí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.2. **COBHSÚ BITHEOLAÍOCH (1/91, OENO 581A-2021)**

*Sainmhíniú*

Próiseáil atá deartha chun miocrorgánaigh neamh-inmhianaithe a dhíothú nó chun a bhforbairt a chosc.

*Cuspóir*

Cobhsaíocht bhitheolaíoch an fhíona a fháil.

*Saintreoracha*

Chun an cuspóir a bhaint amach, feadfar na modhanna oibre seo a leanas a úsáid:

a) Cóireáil Teasa

— Paistéaradh,

— Buidéalú te

b) Scagachán steirilithe.

c) Coscairí miocrorgánach amhail suilfít, aigéad sorbach, aigéad fúmarach, décharbónáit démheitile agus décharbónáit dé-eitile a chur i bhfeidhm (nach nglactar leis).

d) Ídiú an úrfhíona i miocrorgánaigh neamh-inmhianaithe (scagachán, lártheifneoiriú) agus in eilimintí cothaitheacha trí ghinealaigh leanúnacha de mhiocrorgánaigh a fhorbairt agus a dhíothú ina dhiaidh sin.

### 3.4.3. **PAISTÉARADH (5/88)**

*Sainmhíniú*

Fíon a théamh chuig teocht shonraithe ar feadh tréimhse áirithe.

*Cuspóirí*

a) Gníomhaíocht na miocrorgánach atá i láthair san úrfhíon tráth na cóireála a chosc.

b) Einsímí atá i láthair san fhíon a dhíghníomhachtú.

*Saintreoracha*

a) Is féidir paistéaradh a dhéanamh:

— i mbulc (féach paistéaradh i mbulc ([24]));

— i mbuidéal (féach paistéaradh i mbuidéal ([25])).

([24]) Féach Comhad OIV 3.4.3.1 ina dhiaidh seo.

([25]) Comhad OIV 3.5.10 PAISTÉARADH I mBUIDÉAL (5/82):
a) Is féidir paistéaradh a dhéanamh:
— trí bhuidéil a thumadh in uisce te,
— trí uisce te a shruthlú ar bhuidéil.
b) Ní bheidh athrú ar chuma, dath, boladh ná blas an fhíona mar gheall ar mhéadú na teochta.
c) Cuirfear go leor spáis ar fáil faoin gcorc chun méadú thoirt an fhíona a cheadú agus glacfar réamhchúraimí chun pléascthaí buidéal mar gheall ar bhrú iomarcach a sheachaint.

b) Is féidir paistéaradh a bhaint amach trí theicnící éagsúla a úsáid:

— cur an fhíona trí theasmhalartóir le fuarú mear ina dhiaidh sin,

— buidéalú agus corcáil an fhíona the, agus ina dhiaidh sin fuarú nádúrtha (féach buidéalú te ([26])),

— tríd an bhfíon a théamh i mbuidéil, agus fuarú ina dhiaidh sin.

c) Ní bheidh an méadú teochta agus na teicnící a úsáidtear ina gcúis le haon athrú i ndealramh, dath, nó blas an fhíona.

### 3.4.3.1. **PAISTÉARADH I mBULC (1/90)**

*Sainmhíniú*

Fíon a théamh chuig teocht shonraithe ar feadh tréimhse áirithe.

*Cuspóirí*

a) Féach 3.4.3.

b) Einsímí ocsaídiúcháin a dhíghníomhachtú nuair atá siad i láthair san fhíon.

*Saintreoracha*

a) Déantar paistéaradh i mbulc tríd an bhfíon a chur trí theasmhalartóir agus ina dhiaidh sin trí fhuarú a dhéanamh. Is féidir dhá chineál a bheith i gceist:

— Paistéaradh simplí,

— Paistéaradh splaince.

Is éard a dhealaíonn paistéaradh splaince ó phaistéaradh simplí an téamh gasta go teocht níos airde, go ceann tréimhse ghairid, agus fuarú gasta ina dhiaidh sin.

b) Ní bheidh athrú ar ghléghlanadh, dath, boladh ná blas an fhíona mar gheall ar an gcóireáil.

### 3.4.4. **SUILFÍTIÚ (OENO 7/03)**

*Aicmiú*

Dé-ocsaíd sulfair: breiseán

*Sainmhíniú*

Dé-ocsaíd sulfair ghásach, tuaslagáin shulfaracha nó tuaslagáin mheiti-dhéshuilfít photaisiam a chur leis an bhfíon.

*Cuspóirí*

a) Cobhsú micribhitheolaíoch fíona a bhaint amach trí shrian nó cosc a chur le fás giosta agus baictéir atá neamhinmhianaithe ó thaobh na teicneolaíochta de.

b) A n-airíonna dí-ocsaídithe agus frithocsaídeora a úsáid.

c) Móilíní áirithe a thugann bolaithe neamh-inmhianaithe uathu a chomhcheangal.

d) Gníomhaíochtaí ocsaíodáiseacha ar féidir a bheith ann a chosc.

*Saintreoracha*

a) Ní mór don chion foriomlána dé-ocsaíde sulfair na teorainneacha a leagtar síos in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an *gCoimre ar na Modhanna Idirnáisiúnta um Anailís ar fhíon agus úrfhíonta* ar a laghad a chomhlíonadh nuair a chuirtear é ar an margadh

b) Is féidir an dé-ocsaíd sulfair a chur isteach:

— trína cur go díreach leis an bhfíon le linn an phróisis fíonóireachta,

— trína cur go díreach leis an bhfíon roimh bhuidéalú,

([26]) Comhad OIV 3.5.4 BUIDÉALÚ TE (OENO 9/97):
Níor cheart an fíon a théamh níos airde ná 45°C.

— trína hinstealladh isteach san fhíon roimh líonadh,

— trína hinstealladh isteach sa bhuidéal folamh roimh líonadh.

c) Ní mór do na táirgí a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.5. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD SORBACH (5/88)**

*Sainmhíniú*

Aigéad sorbach nó sorbáit photaisiam a chur leis an bhfíon.

*Cuspóirí*

a) Cobhsaíocht bhitheolaíoch an fhíona a fháil.

b) Athchoipeadh fíonta ina bhfuil siúcraí coiptheacha a chosc.

c) Forbairt giostaí neamh-inmhianaithe a chosc.

*Saintreoracha*

a) Níor cheart é a chur isteach ach amháin go gairid roimh bhuidéalú.

b) Ní bheidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná 200 mg/l arna shloinneadh mar aigéad sorbach.

c) Comhlíonfaidh an t-aigéad sorbach agus an tsorbáit photaisiam saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.4.7. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD ASCORBACH (OENO 12/01)**

*Aicmiú*

Aigéad ascorbach: breiseán

Aigéad eireatorbach: breiseán

*Sainmhíniú*

Aigéad ascorbach ([27]) a chur le fíon.

*Cuspóir*

An fíon a chosaint trí leas a bhaint as saintréithe frithocsaídeora an táirge, in aghaidh thionchar na hocsaíde san aer, tionchar lena modhnaítear a dhath agus a bhlas.

*Saintreoracha*

a) Moltar an t-aigéad ascorbach a chur isteach le linn buidéalú, ina éagmais sin ocsaídíonn sé i láthair aeir agus bíonn an táirge ocsaídithe ina chúis le hathruithe ocsaídiúcháin i bhfad níos suntasaí ná siúd a éiríonn as ocsaigin san aer tráth nach bhfuil aigéad ascorbach ann.

b) Ní bheidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná 250 mg/l.

c) Nuair a úsáideadh an t-aigéad ascorbach ar fhíonchaor nó ar úrfhíon freisin, ní bheidh an tiúchan críochnaitheach, i dtéarmaí aigéad ascorbach móide aigéad déhidrea-ascorbach, níos mó ná 300 mg/l.

d) Comhlíonfaidh an t-aigéad ascorbach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.4.9. **CÓIREÁIL LE POLAIVINIOLPOLAIPIORÓLADÓN (PVPP) (5/87)**

*Aicmiú*

Polaivinilpolapioróladón: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Polaivinilpolapioróladón a chur le fíon (PVPP).

([27]) Tá an chumhacht frithocsaídeora chéanna ag aigéad iosascorbach, nó aigéad D-ascorbach nó aigéad eireatorbach agus atá ag aigéad ascorbach agus is féidir iad a úsáid le haghaidh an chuspóra fíoneolaíochta chéanna. Tá an chuma chéanna ar an aigéad sin agus tá na hairíonna intuaslagthachta céanna aige agus atá ag aigéad ascorbach. Cé is moite de chumhacht rothlach, ba cheart na hairíonna céanna a bheith ag an aigéad sin agus atá ag aigéad ascorbach, ba cheart dóibh freagairt ar an mbealach céanna do na himoibrithe sainaitheantais, go n-éireodh leis sna tástálacha céanna agus go bhfreagródh sé ar an anailís chainníochtúil chéanna. (Cf Bileog Chóidéacs COEI-1-ASCACI: 2007)

*Cuspóirí*

An cion tainnine agus polaifeanól eile san fhíon a laghdú chun:

— an claonadh chun donnú a shárú.

— an leibhéal crapthach a laghdú,

— an dath a cheartú maidir le fíon geal a bhfuil beagán de dhrochdhath air.

*Saintreoracha*

a) Ní bheidh an dáileog PVPP a úsáidtear níos mó ná 80 mg/l.

b) Comhlíonfaidh an PVPP a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.4.11. **CÓIREÁIL FÍONTA LE hÚIRÉÁIS (OENO 2/95;**

*Aicmiú*

Úiréáis: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Aigéad úiréáise gníomhach a chur le fíon, a tháirgtear ó *Lactobacillus fermentum*.

*Cuspóir*

An leibhéal úiré i bhfíonta a laghdú, nuair atá sé sin iomarcach, d'fhonn foirmiú feanocsacarb le linn aosú a sheachaint. Déanann an einsím an úiré a chlaochlú go hamóinia agus dé-ocsaíd charbóin.

*Saintreoracha*

a) Is inmhianaithe í an úiréáis a chur le fíon atá gléghlanta cheana féin trí dhríodrúchán spontáineach na moirte.

b) Cuideoidh eolas faoin leibhéal úiré san fhíon chun measúnú a dhéanamh ar an dáileog úiréáise ata le cur leis.

c) Déanfar an úiréáis a dhíothú le linn scagachán an fhíona.

d) Comhlíonfaidh an úiréáis saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.4.12. **CÓIREÁIL LÍSISÍME (OENO 10/97)**

*Aicmiú*

Lísisím: breiseán

*Sainmhíniú*

Lísisím a chur leis an bhfíon.

*Cuspóirí*

a) Fás agus gníomhaíocht na mbaictéar atá freagrach as coipeadh malalachtach a rialú.

b) Laghdú ar ráta dé-ocsaíde sulfair.

*Saintreoracha*

a) De réir turgnamh, dealraíonn sé go bhfuil an uasdáileog de 500 mg/l leordhóthanach chun fás agus gníomhaíocht na mbaictéar atá freagrach as coipeadh malalachtach a rialú.

b) Ní féidir le lísisím í fein a ionadú go $SO_2$ a bhfuil airíonna frithocsaídeora aige. Déanann comhúsáid $SO_2$ + agus lísisím fíonta níos seasmhaí.

c) Nuair a chóireáiltear úrfhíon agus fíon le lísisím, ní mór nach rachaidh an dáileog charntha thar 500mg/l.

d) Ní mór an táirge a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.4.13. **CÓIREÁIL LE DÉCHARBÓNÁIT DHÉIMHEITILE (DMDC) (OENO 5/01, OENO 421-2011)**

*Sainmhíniú*

Décharbónáit déimheitile a chur le fíon.

*Cuspóirí*

a) Cobhsaíocht mhicribhitheolaíoch ar fhíon buidéalaithe ina bhfuil siúcraí coiptheacha a fháil.

b) Forbairt giostaí neamh-inmhianaithe agus baictéir lachtacha a chosc.

c) Coipeadh ar fhíonta atá milis, meánmhilis, agus meánghéar a chosc.

*Saintreoracha*

a) Maidir le cuspóir a) níor cheart é a chur isteach ach díreach roimh bhuidéalú.

b) Níor cheart an dáileog a bheith níos mó ná 200 mg/l arna shloinneadh mar dhécarbónáit démheitile.

c) Ní fhéadfaidh sárú ar an leibhéal uaschion meatánóil i bhfíon a bheith mar thoradh ar dhécarbónáit démheitile a chur isteach, mar atá molta ag an OIV.

d) Níor cheart an fíon a chur ar an margadh a fhad atá décharbónáit dhéimheitile inbhraite.

e) Ní mór don décharbónáit déimheitile a úsáidtear forálacha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.14. **2.1.20. CÓIREÁIL ASÚITEACH CHOMHPHOLAIMÉIRE PVI/PVP (OENO 2/07, OENO 262-2014)**

*Aicmiú*

Chomhpholaiméir PVI/PVP: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Comhpholaiméirí polaivinilmíodasóil agus polaivinilpioróladóin (PVI/PVP) a chur isteach d'fhonn cion copair, iarainn agus trom-miotail a laghdú.

*Cuspóirí*

a) Fabhtanna mar thoradh ar chion trom-mhiotail ró-ard (mar shampla briseadh feireach) a chosc.

b) Laghdú a dhéanamh ar ardtiúchan neamhinmhianaithe miotal mar thoradh air:

— úrfhíon atá éillithe ag caitiain mhiotail,

— éilliú caitiain mhiotail le linn chóireáil úrfhíona nó fíona ó threalamh fíonóireachta,

— saibhriú copair i ndiaidh chóireáil fíonta le sulfáit chopair.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart an méid a úsáidtear a bheith níos lú na 500 mg/l.

b) Nuair a chóireáiltear úrfhíonta agus fíonta le polaiméirí PVI/PVP, ba cheart an dáileog charntha a bheith níos lú ná 500mg/l.

c) Ba cheart na comhpholaiméirí a dhíothú tráth nach déanaí ná 2 lá tar éis iad a chur isteach, agus aird á tabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim, agus iad a dheighilt ón bhfíon trí scagadh roimh bhuidéalú.

d) Ní mór do na comhpholaiméirí asúiteacha a úsáidtear a bheith i gcomhréir le saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* agus na teorainneacha monaiméirí go háirithe.

e) Is faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear cur chun feidhme an modh oibre.

### 3.4.15. **CÓIREÁIL LE hAIGÉAD TARTARACH RAICÉIMEACH (OENO 4/08)**

*Aicmiú*

Aigéad tartarach raicéimeach: áis phróiseála

Tartráid photaisiam raicéimeach: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Aigéad tartarach raicéimeach nó salainn photaisiam ó aigéad tartarach raicéimeach a chur le fíon

*Cuspóirí*

Leibhéil iomarcacha cailciam a laghdú

*Saintreoracha*

a) Leis an gcóireáil sin baintear amach salainn atá an-dothuaslagtha. Tá úsáid aigéid thartaraigh raicéimigh faoi réir rialacháin áirithe.

b) Is faoi fhreagracht fíoneolaí nó teicneoir cáilithe a chuirfear an chóireáil chun feidhme.

c) Comhlíonfaidh na táirgí a chuirtear isteach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.4.16. **CÓIREÁIL AGUS CIOTÓSÁN A ÚSÁID (OIV-OENO 338A/2009)**

*Aicmiú*

Ciotósán: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ciotósán de bhunadh fungasach a chur le fíonta

*Cuspóirí*

a) Cion trom-mhiotail a laghdú, go háirithe iarann, luaidhe, caidmiam, copar.

b) Smúiteán iarainn, smúiteán copair a chosc.

c) Laghdú ar éilleáin féideartha, go háirithe ócratocsain A;

d) Miocrorgánaigh neamh-inmhianaithe a laghdú, go háirithe *Brettanomyces*.

*Saintreoracha*

a) Is tar éis réamhthástála a dhéantar cinneadh faoi na dáileoga atá le húsáid. Is gá nach mbeidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná:

— 100 g/hl chun críche chuspóirí a) agus b)

— 500 g/hl chun críche chuspóir c)

— 10 g/hl chun críche chuspóir d)

b) Déantar dríodair a dhíothú trí mhodhanna oibre fisiceacha.

c) Is féidir ciotósán de bhunadh fungasach a úsáid ina aonar nó le táirgí ceadaithe eile.

d) Ní mór do chiotósán ceanglais an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.17. **CÓIREÁIL AGUS CITIN-GLÚCAN A ÚSÁID (OIV-OENO 338B/2009)**

*Aicmiú*

Citin-ghlúcan: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Citin-glúcan de bhunadh fungasach a chur le fíonta

*Cuspóirí*

a) Cion trom-mhiotail a laghdú, go háirithe iarann, luaidhe, caidmiam, copar.

b) Smúiteán iarainn, smúiteán copair a chosc.

c) Laghdú ar éilleáin féideartha, go háirithe ócratocsain A;

*Saintreoracha*

a) Is tar éis réamhthástála a dhéantar cinneadh faoi na dáileoga atá le húsáid. Is gá nach mbeidh an dáileog a úsáidtear níos mó ná:

— 100 g/hl chun críche chuspóirí a) agus b),

— 500 g/hl chun críche chuspóir c)

b) Déantar dríodair a dhíothú trí mhodhanna oibre fisiceacha.

c) Is féidir coimpléasc citin-glúcan de bhunadh fungasach a úsáid ina aonar nó le táirgí ceadaithe eile.

d) Ní mór do choimpléasc citin-glúcan ceanglais an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.20. **ÚSÁID SNÁITHÍNÍ PLANDÚLA ROGHNAÍOCHA (OENO 582-2017, OIV-OENO 684A-2022)**

*Sainmhíniú*

Asúiteoir roghnaíoch comhdhéanta as snáithíní plandúla a úsáid i bhfíon.

*Cuspóirí*

a) Leibhéil ócratocsaine A i bhfíonta a laghdú.

b) Líon agus leibhéil iarmhair táirgí fíteashláintíochta i bhfíonta a laghdú.

*Saintreoracha*

a) Tá snáithíní plandaí roghnaíocha le húsáid mar áiseanna próiseála agus le hionchorprú i bhfíon nó le linn scagacháin trí dheascadh leanúnach, le linn scagachán cros-sreafa, nó mar chomhábhar de leathán scagaire.

b) Tá an dáileog mholta le cinneadh de réir na teicníce scagacháin a úsáidtear, gan 1.5 kg/m$^2$ d'achar dromchla an leatháin scagaire a shárú ná 200 g/hL.

c) Tá snáithíní plandaí roghnaíocha a úsáidtear i bhfíonta le baint trí racáil tar éis a dríodraithe, trí lártheifneoiriú nó trí scagacháin.

d) Tá snáithíní plandúla roghnaitheacha le húsáid i bhfíonta i gcomhréir le ceanglais rialála, go háirithe uasteorainneacha ceadaithe na n-iarmhar táirgí fíteashláintíochta.

e) Ní mór do snáithíní plandúla roghnaitheacha saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.21. **MÚSCLÓIRÍ COIPTHE MHALALACHTAIGH (OIV-OENO 531-2015)**

*Sainmhíniú*

Músclóirí coipthe mhalalachtaigh a chur isteach ag an gcríoch nó tar éis an choipthe alcólaigh chun coipeadh malalachtach a éascú.

*Cuspóir*

Cuirtear tionscnamh, cinéitic nó críochnú an choipthe mhalalachtaigh chun cinn:

— tríd an timpeallacht a shaibhriú le cothaithigh agus le tosca fáis le haghaidh baictéir lachtacha aigéid,

— trí roinnt coscairí baictéar a asú.

*Saintreoracha*

a. Beidh gníomhachtóirí déanta as ceallalós micricriostalta nó as táirgí a dhíorthaítear ó dhíghrádú giostaí (uathaláití, giostaí díghníomhaithe, ballaí giosta).

b. Féadfar gníomhachtóirí a chur le fíon nó le fíon atá faoi choipeadh roimh choipeadh malalachtach nó lena linn.

c. Níor cheart na músclóirí a bheith ina gcúis le dialltaí orgánaileipteacha i bhfíon.

d. Ní mór do na músclóirí coipthe mhalalachtaigh a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.22. **ÚRFHÍONTA A CHÓIREÁIL LE COIRNÍNÍ STIRÉINE-DÉVINILBEINSÉINE ASÚITEACHA (OENO 614B-2020)**

*Sainmhíniú*

Próiseas fisiceach ina ndéantar dialltaí orgánaileipteacha ar a gcuirtear síos mar 'créúil-dreoite' a laghdú nó a dhíothú trí shíothlú rialaithe iomchuí fíonta ag sreabhráta ard trí choirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha.

*Cuspóir*

a) an aireachtáil de dhialltaí orgánaileipteacha a chuirtear síos orthu mar 'créúil agus dreoite' a dhíothú trí thiúchan ar cheann de na príomh-mhóilíní atá freagrach as, geosamain, a laghdú, nó é a dhíothú.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart an chóireáil a chur i gcrích ar fhíonta gléghlanta le moirtiúlacht is lú ná 30 NTU (aonaid smúidmhéadracha moirtiúlachta);

b) déanfar an méid coirníní asúiteacha le húsáid sa cholún agus an sreabhráta fíona a chinneadh ar bhonn an mhéid tosaigh geosaimine;

c) cuirtear na coirníní asúiteacha i gcolún atá i gcomhréir le caighdeáin i dtaca le hábhair a bhíonn i dtadhall le bia;

d) Ní mór do na coirníní asúiteacha agus na coinníollacha úsáide a bhaineann leo saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.4.23. **CÓIREÁIL LE HAIGÉAD FÚMARACH CHUN BAC A CHUR AR CHOIPEADH MALALACHTACH (OENO 581A-2021)**

*Aicmiú*

Aigéad fúmarach: Breiseán

*Sainmhíniú*

Aigéad fúmarach a chur le fíon.

*Cuspóirí*

1) Fás agus gníomhaíocht na mbaictéar aigéid lachtaigh atá freagrach as coipeadh malalachtach a rialú;

2) laghdú ar an dáileog dé-ocsaíde sulfair;

3) Aigéadacht mhalach a leasú.

*Saintreoracha*

1) Dáileoga de 300-600 mg/L chun coipeadh malalachtach a rialú, fiú nuair a bhíonn cainníochtaí arda ionaclaim ann agus le linn coipeadh corraiceach;

2) ní mór don aigéad fúmarach saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 3.5.4. **BUIDÉALÚ TE (OENO 9/97)**

*Sainmhíniú*

Fíon a bhuidéalú a téadh díreach roimh an mbuidéal a chorcáil.

*Cuspóirí*

a) Cobhsú bitheolaíoch an fhíona;

b) Ocsaigin a dhíothú;

c) Cobhsú fisiciceimiceach.

*Saintreoir*

Níor cheart an fíon a théamh níos airde ná 45°C.

### 3.5.5. **OCSAIGINIÚ (545B/2016)**

*Aicmiú*

Ocsaigin: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ocsaigin nó aer a chur le fíon

*Cuspóirí*

a) Teicneolaíochtaí 'micrea-ocsaiginithe', 'macra-ocsaiginithe' agus 'nana-ocsaiginithe' a úsáid ar fhíonta.

b) Feiniméin ocsaídithe a thionscnamh agus é ina aidhm:

— rannchuidiú le cobhsú dathanna agus aibiú fíonta dearga trí spreagadh go háirithe do tháirgeadh aicéataildéid, ar féidir leis imoibriú le flavónóil agus antóiciaininí chun líocha atá níos cobhsaí agus níos diandaite (éifeacht hipear-crómach agus batacrómach) ná na hantóiciaininí dúchasacha;

— ullmhúchán fíonta a úsáidtear i gcóireálacha chun an iomarca iarainn a dhíothú (comhad 3.3.1) trí ocsaídiú iarainn fheiriúil a athrú go hiarainn feireach.

c) Tiúchan 'comhdhúile sulfair sho-ghalaithe' a laghdú amhail suilfíd hidrigine, tiól meatáin, etc..

d) Comhdhúile dea-bholaithe a ghabhann le saintréithe plandúla céadfacha a laghdú.

e) Gléghlanadh fíonta a éascú.

*Saintreoracha*

a) I gcás 'micrea-ocsaiginithe', ba cheart an ráta lena gcuirtear an chainníocht ocsaigine a bheith níos ísle ná an ráta ídithe ocsaigine a ghabhann leis an bhfíon cóireáilte; i bhfocail eile, níor cheart ocsaigin a charnadh sna fíonta le linn cóireála. Is inmhianaithe an teicníc seo a úsáid nuair atá ardtiúchan antóiciaininí saora sna fíonta.

b) Sainmhínítear 'macra-ocsaiginiú' mar dháileoga ocsaigine níos airde a chur isteach i gcomparáid le 'micrea-ocsaiginiú' agus mar thréimhse níos giorra agus iad á gcur isteach. Déantar é seo go sonrach ag críoch coipthe, ag céim iarchoipthe agus suas go dtí an chéad trasdoirteadh moirte.

c) I gcás 'nana-ocsaiginiú', cuirtear ocsaigin leis go tráthrialta i gcainníochtaí an-bheaga, amhail 10 go 100µg ocsaigine in aghaidh an lítir fíona.

d) I gcás cóireáil a dhéantar ar iarann iomarcach (comhad 3.3.1), ba cheart tainnin a chur isteach i gcomhréir le tiúchan iarainn an fhíona i ndiaidh ocsaiginiú agus ina dhiaidh sin gléghlanadh, le cáiséin más féidir. Ba cheart ocsaigin a chur isteach i gcónaí roimh iarann a bhaint trí fhíotáit chailciam.

e) Maidir le cobhsú datha agus feabhas a chur ar cháilíocht fíona dheirg le linn aibiú, bíonn na dáileoga atá le cur leis an bhfíon, i gcás 'miocrocsaiginithe', thart ar 1-5 mg/l in aghaidh na míosa - ag brath, go formhór, ar an tiúchan antóiciainine agus polaifeanóil tosaigh agus tiúchan $SO_2$ saor. I gcás cóireáil a dhéantar agus úsáid á baint as 'macra-ocsaiginiú', cuirtear leis dáileoga ocsaigine níos mo chun ídiú ocsaigine na moirte giosta a chur san áireamh.

f) Ós rud é go bhféadfadh dea-bholaithe ocsaídiúcháin teacht chun cinn, ba cheart fíonta a chuirtear faoi ocsaiginiú a bhlaiseadh go tráthrialta chun an fad agus an teocht optamúil a shainmhíniú ag brath ar phróifíl aramatach inmhianaithe an fhíona. Níl sé inmholta 'micrea-ocsaiginiú' níos mo ná 22 °C a dhéanamh chun ocsaídiú iomarcach a sheachaint nó níos lú ná 8 C chun carnadh ocsaigine a sheachaint.

g) Níor cheart é a bheith ina aidhm ag an ocsaiginiú suilfít fíonta a bhfuil barraíocht dé-ocsaíde sulfair iontu a laghdú.

h) Ba cheart faireachán a dhéanamh ar chobhsú micribhitheolaíoch (go háirithe i gcás ina mbeidh *Brettanomyces bruxellensis* i gceist) chun dialltaí orgánaileipteacha i bhfíonta a sheachaint.

### 3.5.7. **CÓIREÁIL LE β-GHLÚCANÁIS (3/85, OENO 498-2013)**

*Aicmiú*

Béite-ghlúcanáis (β 1-3, β 1-6) β: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ullmhóidí einsímeacha a chur le fíon ina bhfuil gníomhaíochtaí a chatalaíonn díghrádú ar bhéite-ghlúcáin a tháirgtear leis an bhfungas *Botrytis cinerea* (lobhadh uasal, múscán liath) i gcaor na fíonchaoire.

Is iad β-ghlúcanáisí β-1,3 agus 1,6 na cineálacha gníomhaíochtaí einsímí a bhfuil baint acu le díghrádú β-ghlúcáin de *Botrytis cinerea*. Mar aon leis sin tá na β-ghlúcanáisí lena n-áirítear β–1.3-ghlúcanáisí in ann β-ghlúcáin a scaoileann giostaí de chineál *Siúcraimíceas* le linn coipeadh alcólach agus le linn aosú fíona ar mhoirt a dhíghrádú.

*Cuspóir*

Gléghlanadh agus inscagthacht fíonta a fheabhsú.

*Saintreoir*

Comhlíonfaidh an ullmhóid ghlúcanáise saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.5.8. **CÓIREÁIL LE SULFÁIT CHOPAIR (2/89)**

*Aicmiú*

Sulfáit chopair, peintihiodráit: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Peintihiodráit sulfáite copair a chur ($CuSO_4$ $5H_2O$) le fíon

*Cuspóir*

An drochbhlas agus an drochbholadh mar gheall ar an tsuilfíd hidrigine nó b'fhéidir mar gheall ar na díorthaigh a dhíothú.

*Saintreoracha*

a) Ba cheart an dáileog de pheintihiodráit sulfáite chopair atá riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach a chinntiú trí réamhthástáil. Ní rachaidh an dáileog thar 1 g/hl.

b) Ní mór an deascán collóideach coprach a dhéantar a dhíothú den fhíon.

c) I ndiaidh cóireála, ba cheart cion copair an fhíona a sheiceáil agus é a laghdú go leibhéal nach mó ná 1mg/l trí mhodh oibre iomchuí, i gcomhréir le sonraíochtaí Iarscríbhinn C a ghabhann leis an *gCoimre ar Mhodhanna Idirnáisiúnta um Anailís ar Fhíonta agus Úrfhíonta*.

d) Comhlíonfaidh an tsulfáit chopair a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.5.9. **CÓIREÁIL CHARBÓIN AR FHÍON A bhFUIL DATH DE BHEAGÁN AIR (16/70)**

*Aicmiú*

Carbón fíoneolaíochta: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Carbón a chur le fíon.

*Cuspóirí*

An dath a cheartú:

— maidir le fíonta geala a tháirgtear ó chineálacha fíniúna deirge le sú ban,

— maidir le fíonta geala ar tháinig drochdhath de thaisme de bharr tadhaill le coimeádáin a raibh fíonta dearga iontu,

— maidir le fíonta an-bhuí a ullmhaíodh ó chineálacha bána,

— maidir le fíonta ocsaídithe.

*Saintreoracha*

a) Ní dhéanfaidh an phróiseáil:

— an dath a bhaint ó fhíon dearg ná rosé,

— a chur i bhfeidhm ar an úrfhíon agus ansin ar an bhfíon atá mar thoradh ar an úrfhíon sin.

b) Beidh cainníocht an charbóin thirim a úsáidtear níos lú ná 100 g/hl d'fhíon.

c) Comhlíonfaidh an charbón a úsáidtear saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.5.10. **PAISTÉARADH I mBUIDÉAL (5/82)**

*Sainmhíniú*

Fíon a théamh i mbuidéil go teocht agus ar fad leordhóthanach chun gníomhaíocht mhiocrorgánach sa bhuidéal ina dhiaidh sin a chosc.

*Cuspóir*

Féach 3.12

*Saintreoracha*

a) Is féidir paistéaradh a dhéanamh:

— Trí bhuidéil a thumadh in uisce te,

— Trí uisce te a shruthlú ar bhuidéil.

b) ní bheidh athrú ar chuma, dath, boladh ná blas an fhíona mar gheall ar mhéadú na teochta.

c) Cuirfear go leor spáis ar fáil faoin gcorc chun méadú thoirt an fhíona a cheadú agus glacfar réamhchúraimí chun pléascthaí buidéal mar gheall ar bhrú iomarcach a sheachaint.

### 3.5.11. **PÁIRT-DÍHIODRÁITIÚCHÁN FÍONTA (OENO 2/01)**

*Sainmhíniú*

Saintreoracha chun fíon a thiúchan a trí uisce a dhíothú.

*Cuspóir*

An neart alcóil de réir thoirt fíona a mhéadú.

*Saintreoracha*

a) Is féidir an cuspóir a bhaint amach trí mhodhanna difriúla ar a dtugtar teicnící saibhrithe dealaitheacha orthu.

b) Níor cheart an tsaintreoir sin a úsáid ar fhíonta ar a bhfuil aon lochtanna orgánaileipteacha le feiceáil.

c) Ní fhéadfar díothú uisce i bhfíon a dhéanamh in éineacht le díothú uisce san fhíonchaor nó san úrfhíon chomhfhreagrach.

#### 3.5.11.1. **TIÚCHAN FÍONA TRÍ REO/ CRIÓI-THIÚCHAN. (OENO 3/01)**

*Sainmhíniú*

Saintreoracha chun fíon a thiúchan trí pháirt-reo agus díothú an oighir a dhéantar ar an gcuma sin.

*Cuspóir*

Féach an bhileog maidir le 'Díhiodráitiú páirteach fíona'.

*Saintreoir*

a) Féach an bhileog maidir le 'Díhiodráitiú páirteach fíona';

b) D'fhéadfadh tiúchan a bheith ina chúis le laghdú den toirt tosaigh is mó ná 20 % agus níor cheart é a mhéadú faoi níos mó ná 2 % de neart alcóil tosaigh an fhíona.

### 3.5.14. **CÓIREÁIL LE CIOTRÁIT CHOPAIR (OENO 1/08)**

*Aicmiú*

Ciotráit chopair: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Ciotráit chopair hiodráitithe a chur isteach ina haonar nó measctha le hoibreáin ghléghlanta (mar shampla beintinít)

*Cuspóir*

Droch-bhlas agus drochbholadh atá ann mar thoradh ar shuilfíd hidrigine agus b'fhéidir a cuid díorthach a dhíothú.

*Saintreoracha*

a) Ní mór cinneadh a dhéanamh faoin dáileog ciotráite copair hiodráitithe atá riachtanach chun an cuspóir a chomhlíonadh trí réamhthástáil roimh ré. Ní fhéadfaidh an dáileog dul thar 1 g/hl

b) Ní mór an deascadh copair collóideach a dhéantar a dhíothú den fhíon trí scagachán.

c) I ndiaidh gach cóireála, ní mór faireachán a dhéanamh ar chion copair an fhíona agus é a chur ar ais chuig leibhéal atá cothrom nó faoi bhun an leibhéil iarmharaigh fíona ata leagtha síos ag an OIV i gcomhréir le sonraíochtaí Iarscríbhinn C a ghabhann leis an *gCoimre Idirnáisiúnta ar na Modhanna Anailíse ar Fhíonta agus Úrfhíonta*.

d) Ní mór an chiotráit chopair a úsáid i gcomhréir le forálacha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.5.17. **GÁS TUASLAGTHA I bhFÍON A BHAINISTIÚ AGUS TEAGMHÁLAITHE SCANNÁIN A ÚSÁID (OENO 499-2013)**

*Sainmhíniú*

Modh fisiceach chun bainistiú a dhéanamh ar thiúchain gháis thuaslagtha agus teagmhálaithe scannáin a úsáid (scannáin hidreafóbacha) agus gáis a chuirtear i bhfeidhm san fhíoneolaíocht.

*Cuspóir*

a) Laghdú ar an leibhéal ocsaigine tuaslagtha i bhfíon;

b) Méadú ar an leibhéal ocsaigine tuaslagtha i bhfíon;

c) Laghdú ar an leibhéal dé-ocsaíde carbóin tuaslagtha i bhfíon;

d) Coigeartú ar an leibhéal dé-ocsaíde carbóin tuaslagtha i bhfíonta socra nó leathshúilíneacha de réir an tsainmhínithe den *Chód Idirnáisiúnta um Chleachtais Fíoneolaíochta*;

e) Méadú ar an leibhéal dé-ocsaíde carbóin tuaslagtha d'fhonn fíonta carbónáitithe a fháil de réir an tsainmhínithe den *Chód Idirnáisiúnta um Chleachtais Fíoneolaíochta*;

*Saintreoir*

a) Féach an bhileog ghinearálta maidir le *teicnící deighilte a úsáidtear i gcóireáil úrfhíonta agus fíonta* ([28]) chomh maith leis an mbileog maidir le *teicnící scannáin a chuirtear i bhfeidhm i bhfíon* ([29]).

b) Féadfar an teicníc a úsáid ó dheireadh an choipthe alcólaigh go pacáistiú in ionad úsáid a bhaint as gléasanna boilgearnaí nó as córais de chineál venturi.

c) Ní mór d'fhíoneolaí nó teicneoir cáilithe an cleachtas seo a chur i gcrích.

d) Maidir le cuspóir b) féach saintreoracha an rúin maidir le hocsaiginiú fíona ([30]).

e) Ní mór don fhíon nó an úrfhíon a bheidh le cóireáil a bheith i gcomhréire leis na sainmhínithe agus teorainneacha OIV.

f) Ní mór do na scannáin a úsáidtear forálacha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

g) Ní mór do na gáis a úsáidtear a bheith i gcomhréir leo siúd atá ceadaithe agus sainmhínithe sa *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 3.5.18. **FÍONTA A CHÓIREÁIL TRÍ THEICNEOLAÍOCHT SCANNÁIN ATÁ COMHLÍONTA LE hASÚ AR CHARBÓN GNÍOMHACTAITHE DÍBHOLAIGH NÓ AR CHOIRNÍNÍ STIRÉINE-DÉVINILBEINSÉINE CHUN FEANÓIL SHO-GHALAITHE A LAGHDÚ (OENO 504-2014; OIV-OENO 657-2023)**

*Sainmhíniú*

Próiseas arb é atá ann cion iomarcach feanól so-ghalaithe i bhfíon a laghdú trí úsáid a bhaint as meascán de scagachán scannánach agus cóireáil na scagáite le carbón gníomhachtaithe díbholaígh nó coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha.

*Cuspóir*

a) Cion feanól so-ghalaithe na nithe seo a leanas a laghdú:

— tionscnamh miocróbach (e.g. milleadh *Brettanomyces)* agus/nó

— bunús comhshaoil (e.g. substaintí so-ghalaithe deataigh ó dhóiteán) agus/nó

— tionscnamh na fíonlainne (e.g. bairillí nó dromchlaí péinteáilte)

a d'fhéadfadh a bheith ina bhfabhtanna orgánaileipteacha nó a d'fhéadfadh dea-bholaithe an fhíona a cheilt.

([28]) Féach fonóta 3.
([29]) Féach fonóta 20.
([30]) Féach Comhad OIV 3.5.5 thuas.

*Saintreoir*

a) Féach an comhad ginearálta maidir le teicnící deighilte a úsáidtear i bpróiseáil fíonta (Caibidil 3.0) agus an comhad maidir le teicnící scannáin a chur i bhfeidhm ar fhíonta (Caibidil 3.0.1).

b) Is é cuspóir na chéad chéime den phróiseas scagáit a tháirgeadh ina mbeidh cuid de na feanóil sho-ghalaithe. Is féidir é sin a bhaint amach trí theicníc deighilte scannánaí.

c) Déantar an scagáit a fhaightear le linn na chéad chéime den phróiseas a chóireáil le carbón gníomhachtaithe díbholaígh nó le coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha.

d) Déantar an scagáit chóireáilte a athchorprú ansin leis an tiúchán.

e) Tá toirt na scagáite a eastósctar agus a chóireáiltear leis an gcarbón gníomhachtaithe díbholaígh nó leis na coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha ag brath ar theicnící deighilte scannánaí agus ar chainníocht na bhfeanól so-ghalaithe atá le baint.

f) Beidh fíoneolaí nó teicneoir cáilithe freagrach as an bpróiseas a chur chun feidhme.

g) Ní mór don charbón gníomhachtaithe díbholaígh nó do na coirníní stiréine-dévinilbeinséine asúiteacha agus do na scannáin scagacháin a úsáidtear na saintreoracha atá sa *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

### 4.1.7. **COIPEADH TÁNAISTEACH A CHUR CHUN CINN TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS SALAINN CHOTHAITHEACHA AGUS AS TOSCA FÁIS GIOSTAÍ (OENO 7/95)**

*Aicmiú*

Baictéir lachtacha: áis phróiseála

Sulfáit amóiniam: áis phróiseála

Fosfáit hidrigine dé-amóiniam: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Salainn amóiniam agus tiaimín a chur le bunfhíonta atá beartaithe chun críche coipeadh tánaisteach.

*Cuspóir*

Iolrú giostaí a éascú le linn coipeadh tánaisteach i mbuidéal nó in umar iata a bhfuil siúcraí fíonchaoire fós ann nó trí *liqueur de tirage* a chur isteach.

*Saintreoracha*

Is mar a leanas a bheidh salainn chothaitheacha agus tosca fáis:

a) maidir le salainn chothaitheacha, fosfáit dé-amóiniam nó sulfáit amóiniam go huasdáileog 0.3 g/l (arna shloinneadh mar an salann);

b) maidir le tosca fáis, tiaimín i bhfoirm tiaimín hidreaclóiríde go huasdáileog de 0.6 mg/l. (arna shloinneadh mar thiaimín).

c) Comhlíonfaidh na substaintí seo saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 4.1.8. **BUIDÉALÚ (3/81)**

*Aicmiú*

Giosta triomaithe gníomhach: áis phróiseála

Clóiríd amóiniam: áis phróiseála

Ailgionáit photaisiam: áis phróiseála

Ailgionáit chailciam: áis phróiseála

*Sainmhíniú*

Oibríocht ina gcuirtear an cuvée isteach i mbuidéil, a bhíonn iata go heirméiteach, agus é measctha go maith le *liqueur de tirage*. Cuirtear ionaclam de ghiostaí roghnaithe leis, agus b'fhéidir oibreáin ghléghlanta agus músclóirí den choipeadh alcólach thánaisteach.

*Cuspóir*

Coipeadh alcólach tánaisteach a thosú leis an aidhm broidearnach a fháil.

*Saintreoracha*

a) Tá na hoibreáin ghléghlanta seo a leanas údaraithe:

— Beintinítí (féach Cóireáil le beintinítí ([31])),

— Oibreáin ghléghlanta orgánacha (féach Gléghlanadh ([32])),

— Tainniní (féach Tainniní a chur isteach ([33])),

— Ailgionáit photaisiam.

b) Údaraítear músclóirí de choipeadh alcólach thánaisteach (féach Coipeadh tánaisteach a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as salainn chothaitheacha agus as tosca fáis giostaí ([34])).

c) Comhlíonfaidh na táirgí seo saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

### 4.1.10. **SCINCEÁIL (OENO 7/02)**

*Sainmhíniú*

Oibriú ina n-aistrítear fíon súilíneach ó choimeádán fíona amháin go ceann eile go hisea-bharaiméadrach.

*Cuspóirí*

a) Deighilt fíona ó mhoirt a éascú, agus/nó na deascáin a eascraíonn as na hoibreáin ghléghlanta a chur isteach, deasctha ag bun an choimeádáin

b) Cumasc agus meascadh fíonta de bhunadh difriúil a chumasú

c) Gléghlanadh fisiceach a chumasú trí scagachán, lártheifneoir, etc.

d) Deighilt criostal agus cobhsú tartrach a chumasú trí fhuarú agus deighilt criostal tartráite (déthartráit photaisiam agus tartráit chailciam).

e) Dul ar aghaidh le buidéalú isea-bharaiméadrach

*Saintreoracha*

Is féidir le scinceáil tarlú:

a) in éagmais aeir chun aon ocsaídiú a sheachaint,

b) ag teocht an tseomra, nó is fearr tar éis fuarú chun aon chaillteanas gáis charbónaigh féideartha a sheachaint,

c) le húsáid dhlí na soithí idirnasctha nó le caidéil.

d) Ní mór an coimeádán deiridh a dhéanamh támh trí dhé-ocsaíd charbóin, nítrigin nó argón. Ní mór do na gáis sin saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta* a chomhlíonadh.

## 4.3. **FÍON LICÉIR (ECO 2/2007)**

Is táirge é fíon licéir le neart alcóil faighte nach lú ná 15 %, agus nach ó ná 22 %. Féadfaidh Stát, áfach, maidir lena mhargadh intíre, uasmhéid de neart alcóil faighte a chur i bhfeidhm is mó ná 22 % ach é a bheith cothrom le 24 % ná níos lú ná sin.

Déantar fíon licéir as úrfhíonta fíonchaor (lena n-áirítear úrfhíonta fíonchaor leathchoipthe) agus/nó fíon, lena gcuirtear, ina n-aonar nó i meascán, driogáití, biotáillí agus alcól de bhunadh fíonsaothraithe.

Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas a chur isteach: úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó siúcra dóite, fíonchaora atá ró-aibí nó rísínithe, *mistelle*, caramal.

([31]) Féach Comhad OIV 3.3.5 thuas.
([32]) Féach comhad OIV 3.2.1 thuas.
([33]) Féach comhad OIV 3.2.6 thuas.
([34]) Féach Comhad OIV 4.1.7 thuas.

Féadfaidh Stát, áfach, maidir lena mhargadh intíre, úsáid alcóil neodraigh de bhunadh talmhaíochta a cheadú má tá an úsáid sin údaraithe cheana féin i rialacháin an stáit seo tráth glactha an rúin láithrigh, laistigh de thréimhse theoranta.

### 4.3.2. **BUIDÉALÚ IN UMAR IATA (3/81)**

*Sainmhíniú*

Oibríocht ina gcuirtear an cuvée, atá cumaiscthe go maith leis an *liqueur de tirage*, isteach in umar atá díonach ar bhrú, agus ionaclam de ghiostaí roghnaithe a chur isteach agus b'fhéidir oibreáin ghléghlanta agus músclóirí de choipeadh alcólach thánaisteach. Dúntar asraoin an umair go heirméiteach ansin.

*Cuspóir*

Coipeadh alcólach tánaisteach a thosú leis an aidhm broidearnach a fháil.

*Saintreoracha*

a) Tá na hoibreáin ghléghlanta seo a leanas údaraithe:

— Beintinítí (féach Cóireáil le beintinítí ([35])),

— Oibreáin ghléghlanta orgánacha (féach Gléghlanadh ([36])),

— Tainniní (féach Tainniní a chur isteach ([37])),

— Ailgionáit photaisiam.

b) Údaraítear músclóirí de choipeadh alcólach thánaisteach (féach Coipeadh tánaisteach a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as salainn chothaitheacha agus as tosca fáis giostaí ([38])).

c) Comhlíonfaidh na táirgí seo saintreoracha an *Codex Idirnáisiúnta Fíoneolaíochta*.

([35]) Féach Comhad OIV 3.3.5 thuas.
([36]) Féach Comhad OIV 3.2.1 thuas.
([37]) Féach Comhad OIV 3.2.6 thuas.
([38]) Féach Comhad OIV 4.1.7 thuas.